Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú 2007-2017

# Tuarascáil an Fhóraim um Chuimsiú 2017

*'Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú 2007-2017 Machnamh a dhéanamh ar an am atá imithe thart agus eolas a thabhairt don todhcha'*

An Roinn
**Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí**
Department of
**Employment Affairs and Social Protection**

# Tuarascáil an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta 2017

Arna foilsiú ag
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
Baile Átha Cliath 1
Leabharuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISBN): 978-1-908109-44-6

An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Baile Átha Cliath, Éire

Aibreán 2017

# Clár Ábhar


MÍR 1 ..... 2

1.1 Buíochas ..... 2

1.2 Réamhrá ..... 3

MÍR 2 ..... 6

2.1 Noda Beartais ..... 6

2.2 Tús Áite a thabhairt don Phlean Gníomhaíochta Nua ..... 6

2.3 Monatóireacht agus Cuntasacht ..... 7

2.4 Ní Fhágtar Aon Duine ar Lár ..... 8

2.5 Bheith Tiomanta do Dhualgas nahEarnála Poiblí ..... 9

2.6 Feabhas a chur ar Thaighde ar Bhochtaineacht ..... 9

2.7 Tábhacht na Luath-Idirghabhála ..... 10

2.8 Feabhas a Chur ar Rochtain ar Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh ..... 10

2.9 Luach nahEarnála Poiblí a Aithint ..... 11

2.10 Daoine a Mhaireann faoin mBochtaineacht a Spreagadh bheith páirteach sa Phróiseas Ceaptha Beartais ..... 12

MÍR 3 ..... 14

3.1 Fáilte agus Ráitis Tosaigh ..... 14

3.2 Aiseolas ó Cheardlanna Réigiúnacha ..... 21

3.3 Aitheasc leis an Aire Coimirce Sóisialaí, Leo Varadkar, TD ..... 31

MÍR 4 ..... 39

Ceardlanna an Fhóraim ..... 39

4.1 Ceardlann 1: Leasú na Sprice Sóisialta Náisiúnta um Laghdú na Bochtaineachta ..... 39

4.2 Ceardlann 2: Margaí Cuimsitheacha Saothair – Bealaí chun Oibre 2020 ..... 51

4.3 Ceardlann 3:Rochtain ar Sheirbhísí Ardchaighdeáin ..... 60

4.4 Ceardlann 4: Ioncam Íosta Leordhóthanach ..... 69

4.5 Achoimre ar Cheardlanna ..... 81

MÍR 5 ..... 88

5.1 Machnamh faoin NAPinclusion ..... 88

5.2 Cleachtadh Luaschárta ..... 101

5.3 Focal Scoir ..... 103

# MÍR 1

## Buíochas agus Réamhrá

# MÍR 1

## 1.1 Buíochas

Aithníonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí tacaíocht agus cúnamh Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Éire (EAPN) agus Obair Phobail Éireann (CWI) agus an Fóram um Chuimsiú Sóisialta agus na ceardlanna ullmhúcháin á n-eagrú a chomheagraigh siad lena chur ar chumas daoine aonair atá thíos leis an mbochtaineacht breithniú a dhéanamh ar an rannchuidiú a d'fhéadfaidís a dhéanamh le hobair an Fhóraim.

Cuirtear buíochas ó chroí, chomh maith, in iúl do gach duine díobh siúd a ghlac páirt agus a chuir leis anbhFóram um Chuimsiú Sóisialta ar an lá, an rapóirtéir Liza Costas a chuir an tuarascáil seo le chéile ina measc. Gabhtar buíochas le héascaitheoirína ceardlainne, Frances Byrne, Eilís Ní Chaithnía, Martin Collins agus Camille Loftus. Gabhtar buíochas, chomh maith, leis na daoine a ghlac nótaí as ábhar phlé na ceardlainne a chur i gcuntas go dílis agus le Derek Speirs as an ngrianghrafadóireacht a rinne sé ar an lá.

Tá napríomhcháipéisí comhdhála agus cuir i láthair na gcainteoirí ar fáil ar líne ó:

www.welfare.ie/en/Pages/Social-Inclusion-Division.aspx

www.socialinclusion.ie

## 1.2 Réamhrá

Bhunaigh an Rialtas an Fóram um Chuimsiú Sóisialta (an FCS) mar chuid de na struchtúir chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar *anbPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú Sóisialta na hÉireann (NAPinclusion)*. Leag an Rialtas freagracht ar Rannóg um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí chun an Fóram um Chuimsiú Sóisialta a thionól agus cabhraíonn Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Éire (EAPN) agus Obair Phobail Éireann (CWI) leis an obair seo a dhéanamh. Cuireann an t-imeacht fóram ar fáil do rannphháirtíocht idir oifigigh ó ranna rialtais, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus daoine atá thíos leis an mbochtaineacht.

Cuireadh an Fóram um Chuimsiú Sóisialta ar bun Déardaoin, an 25 Bealtaine 2017 i Staid Aviva i nDroicheadnaDothra, Baile Átha Cliath 4. Léirítear sa téama d’fhóram 2017 – ‘Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú 2007-2017 Machnamh a dhéanamh ar an am atá imithe thart agus eolas a thabhairt don todhchaí’ – an chaoi go bhfuil an t-amfhráma do *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta 2007-2017* druidte chun deiridh agus nach mór straitéis nua náisiúnta in aghaidh na bochtaineachta a fhorbairt.


Tugtar sa tuarascáil seo achoimre ar an 13ú cruinniú seo den Fhóram um Chuimsiú Sóisialta agus cuimsítear inti ionchur ag aoichainteoirí leis na ceardlanna, a sholáthair creat comhthéacsúil don phlé i ngach ceann de na ceithre cheardlann chomhuaineacha.

Cuimsítear sa tuarascáil plé agus conclúidí gach ceardlainne. Tugtar chun solais sa mhír ‘noda beartais’ ag tús na tuarascála seo roinnt téamaí coitianta a tháinig chun solais i measc ceardlanna éagsúla, anuas

ar chuir i láthair eile i rith an lae, agus a bhaineann go mór le hábhar i dtaobh forbairt beartais amach anseo.

Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach um Beartas Sinsearach agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, agus cuirfear í i leabharlann an Oireachtais ar mhaithe le heolas a sholáthar do chomhaltaí dhá Theach an Oireachtais.

***Léirítear sna dearcthaí a chuimsítear sa tuarascáil seo dearcthaí na gcainteoirí agus na rannpháirtithe ag an bhfóram agus ní hé gurb ionann iad agus dearcthaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.***



# MÍR 2

## Noda beartais

# MÍR 2

## 2.1 Noda Beartais

Tugtar chun solais sa mhír seo roinnt téamaí coitianta a tháinig chun solais i rith an Fhóraim, i gceardlanna agus cuir i láthair i gcaitheamh an lae, a bhaineann go mór le hábhar i dtaobh ceapadh beartais.

## 2.2 Tús Áite a thabhairt don Phlean Gníomhaíochta Nua

Leag rannpháirtithe an bhéim ar thábhacht an phlean gníomhaíochta nua a raibh tús áite á thabhairt ag an Rialtas dó, agus tugadh faoi deara gur cheart go mbeadh sé ag croílár bheartas an Rialtais. Áirítear leis seo a chinntiú go mbíonn dóthain acmhainní aige, agus go dtéitear i mbun straitéis uile-rialtais chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht, ina bhfuil baint ag gach roinn rialtais.

Ba cheart go leagfaí béim ar chur i bhfeidhm i gcaitheamh an phlean nua. Tugadh faoi deara gur éirigh go geal le hÉirinn riamh anall le beartas sóisialta a fhorbairt ach nár éirigh chomh geal céanna léi chun an beartas sin a chur i bhfeidhm. D’fhéadfadh go n-éireodh pobail áitiúla lagmhisniúil mar gheall ar an easpa dul chun cinn agus, go n-éireoidís domheanmnach ar deireadh mar thoradh air seo.

Ba cheart go mbeadh an plean nua uaillmhianach, agus ba cheart go gcuirfí ar aird ann nach nglacfar leis an mbochtaineacht agus go sáraíonn an bhochtaineacht cearta daonna. Ba cheart go leagfaí amach ann spriocanna seasta réalaíocha chun an bhochtaineacht a laghdú in Éirinn. Caithfidh na spriocanna nua a bheith solúbtha agus inbhuanaithe; caithfidh siad a bheith réalaíoch gan cur le réchúis. Comhaontaíodh sa cheardlann faoi na spriocanna náisiúnta gur cheart an sprioc fhoriomlán 2% a choimeád agus gur cheart gníomhartha tacaíochta a neartú chun seo a bhaint amach.

D’fhonn a bheith éifeachtach, caithfidh gníomhartha a bheith sa phlean nua; caithfidh gurb **uirlis** atá ann chun pleanáil beartais agus meastóireacht a dhéanamh, seachas díreach bheith mar chóras tuairiscithe.

Athluadh in athbhreithniú a rinneadh ar dhul chun cinn na hÉireann chun an bhochtaineacht a chomhrac, i gcomparáid le tíortha eile an AE, go leor de na pointí seo, agus baineadh an tátal as gur tháinig tionscnaimh mhaithe incriminteacha aníos sa tréimhse 20 bliain anuas den NAPSI, ach gurb ann go fóill do na saincheisteanna, agus tá na leibhéil bhochtaineachta agus d’eisiamh sóisialta in Éirinn fós ró-ard. Is amhlaidh atá seo mar gheall nár athraíomar a dhóthain an neamhionannas maidir le rochtain ar acmhainní agus seirbhísí.

Caithfidh an plean nua cuimsiú sóisialta a aistriú ón bhforimeall go croílár beartas geilleagrach, fostaíochta, comhshaoil agus sóisialta an rialtais, agus ba cheart go dtacódh méadú mór ar infheistíocht shóisialta leis seo. Caithfidh cearta a bheith suite níos mó i gcroílár gach gné den phlean – an chéad chéim riachtanach i dtreo beartais gheilleagracha, fostaíochta, chomhshaoil agus shóisialta a athchothromú agus sochaí níos cuimsithí agus cothroime a thógáil.

## 2.3 Monatóireacht agus Cuntasacht

D’fhonn a chinntiú go gcuireann an plean gníomhaíochta nua beartas chun cinn go héifeachtach, caithfear tabhairt faoi dhíonadh a dhéanamh ar an mbochtaineacht agus cearta daonna ag gach céim den phróiseas ceaptha beartais – dearadh, cur i bhfeidhm, torthaí agus meastóireacht – i measc na ranna rialtais go léir. Ba cheart an oibleagáid seo a shíneadh chuig aon chuideachta bhrabúis atá bainteach.

Moladh gur cheart comhairle um chuimsiú sóisialta, a bheadh bunaithe ar Chomhairle Mhargadh an tSaothair, a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cur i bhfeidhm an phlean.

## 2.4 Ní Fhágtar Aon Duine ar Lár

Go dtí seo, dhírigh an cur chuige ar ghrúpaí daonra ar leith, ar nós daoine breacaosta agus pobail mhionlaigh eitnigh. Tugadh faoi deara, cé go bhfuil sé tábhachtach díriú ar ghrúpa atá leochaileach i leith na bochtaineachta, tá an baol ann go dtabharfaidh an riosca seo neamhaird ar dhaoine aonair nó foghrúpaí lasmuigh de na grúpaí seo a d'fhéadfadh bheith i mbaol bochtaineachta. Cheistigh roinnt daoine luach chur chuige na saolré go sonrach, agus bhrath siad go ndearnadh idirdhealú neamhleor air seo, agus gur dheacair díriú dá bharr. Ba cheart díriú ar na grúpaí atá i mbaol (leanaí, fir óga singil, tuismitheoirí aonair, daoine gan dídean, an Lucht Siúil, imircigh, daoine faoi mhíchumas i measc na ngrúpaí reatha saolré a ainmnítear in *NAPinclusion*). Anuas air sin, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh, chomh maith, chun iad siúd a shainaithint atá i mbaol ach nach dtagann faoi chuimsiú catagóirí níos mó agus níos sofheicthe. Anuas air sin, níor cheart a mheas go bhfuil daoine laistigh de ghrúpa amháin aonchineálach. Moladh gur gá breithniú breise a dhéanamh ar mhonatóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar thearc-chaitheamh ar sholáthairtí buiséid do ghrúpaí sonracha leochaileacha mar gheall go bhféadfadh seo saincheisteanna rochtana a thabhairt le fios. Ar deireadh, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun dul i ngleic le riachtanais iad siúd ar minic nach dtagann siad faoi chuimsiú scóip na staidéar níos mó atá bunaithe ar shuirbhé, ar nós an Lucht Siúil, roinnt imirceach agus daoine gan dídean.

Luadh focal rabhaidh faoin bhféidearthacht go bhféadfadh an iomad fospriocanna a bheith ann, agus go mbeadh uaillmhianta i measc foghrúpaí a rachadh in iomaíocht a chéile i gceist dá bharr. Leagadh an

bhéim air gurb éard atá ar an sprioc uileghabhálach an gá atá leis go n-oibríonn ionadaithe grúpaí leochaileacha as lámh a chéile mar phobal chun feabhas iomlán a bhaint amach ar chaighdeáin mhaireachtála.

## 2.5 Bheith Tiomanta do Dhualgas nahEarnála Poiblí

Bhí braistint láidir ann go dteastaíonn tiomantas níos mó i measc leibhéil uachtaracha an rialtais do Dhualgas Earnála Poiblí a chur i bhfeidhm (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014), i measc gach leibhéil de sholáthar seirbhíse poiblí. Ba cheart go mbeadh ról tábhachtach le comhlíonadh ag ‘dualgas dearfach’ a tugadh isteach san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, chun dul i ngleic le hidirdhealú agus eisiamh ón margadh saothair.

## 2.6 Feabhas a chur ar Thaighde ar Bhochtaineacht

Tá bearnaí mhóra ann sna sonraí atá ar fáil faoin mbochtaineacht in Éirinn, go háirithe i ndáil le grúpaí atá níos deacra le haimsiú. Sa cheardlann a bhí dírithe ar na spriocanna a leasú chun an bhochtaineacht a laghdú, dhírigh an plé ar an srian a chuireann brath ar shonraí an tSuirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála an POS (SIDM) chun fospriocanna a leagan. Faoi mar a nglactar go fairsing leis go bhfágtar roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste as an áireamh ón suirbhé seo ar theaghlaigh (ar nós an Lucht Siúil agus iarrthóirí tearmainn atá i gcóiríocht soláthair dhírigh), tugadh an cheist chun solais maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart go mbeadh fospriocanna do na grúpaí seo bunaithe ar an bhfoinse sonraí seo. Rinneadh roinnt moltaí ina leith seo, úsáid níos fearr a bhaint as foinsí reatha sonraí, úsáid níos mó a bhaint as modhanna cáilíochtúla, agus úsáid a bhaint as níos mó modhanna nuálacha chun grúpaí ‘atá deacair a aimsiú’ ina measc. Bhrath an grúpa go raibh fiúntas leis cuid de na táscairí reatha comhthéacsúla a ardú a airde le leibhéal na bhfospriocanna. Tacaíodh go tréan, chomh maith, le

táscairí nua tacaíochta a d'fhéadfadh dul i ngleic le bearnaí reatha san eolas faoi dhaoine nach féidir leo teacht ar sheirbhísí, go háirithe mar gheall gur dearbhphrionsabal tábhachtach é seo den chur chuige gníomhach cuimsithe.

I gceardlann eile, tugadh faoi deara go dteastaíonn staidéir fhadaimsearthachun feabhas a chur ar ár dtuiscint ar eispéireas na bochtaineachta seasmhaí; an chuid den daonra a bhíonn faoi bhun na tairsí bochtaineachta 60% i gcónaí.

## 2.7 Tábhacht na Luath-Idirghabhála

Leag na rannpháirtithe an bhéim ar an luach a bhaineann le hinfheistiú i luathbhlianta – cosc agus luath-idirghabháil. Theastódh infheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh don chur chuige sin. Tugadh faoi deara, ar fud an speictrim, go gcomhaontaíonn eacnamaithe gur fiú go mór an tairbhe a chruthaíonn infheistíocht a dhéanamh i leanaí an trioblóid. Caithfidh ioncam atá leordhóthanach chun páirt a ghlacadh sa tsochaí, ar an ábhar sin, na bunriachtanais le haghaidh marthanais a shárú; caithfidh sé a chur ar chumas an duine aonair chun an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn a fháil chun a n-ioncam féin a bhaint amach.

## 2.8 Feabhas a Chur ar Rochtain ar Sheirbhísí Leasa Shóisialaigh

Chomhaontaigh rannpháirtithe sa cheardlann seo gur cheart deireadh a chur le coimisiúnú agus príobháidiú seirbhísí coimirce sóisialaí, ar nós JobPath. Mura ndéanfaí seo, tugadh faoi deara gur cheart go mbeadh gach gníomhaireacht a sholáthraíonn seirbhísí poiblí (gníomhaireachtaí príobháideacha ina measc), a bheith faoi cheangal ag an Dualgas Seirbhíse Poiblí (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014).

Labhair roinnt rannpháirtithe ar fhadhb i ndáil le hatreoruitheJobPath – is é sin, go sonrach, go bhfuil dícheangal idir an beartas láir agus an méid atá ag titim amach go háitiúil (maidir le Bealaí chun Oibre). Thug rannpháirtí amháin 'líon damháin alla' ar an bpróiseas atreoraithe. Féadfaidh a leithéid d'eispéiris baint de mhuinín úsáideoirí seirbhíse as an Roinn. Rinne siad trácht ar luach an chomhordaithe ionrannaigh agus idir-rannaigh laistigh de ranna, le gníomhaireachtaí agus i measc ranna. Chruthódh an cur chuige seo eispéireas ní b'fhearr d'úsáideoirí seirbhíse. Tugadh faoi deara an gá atá le comhairliúchán méadaithe le húsáideoirí seirbhíse, chomh maith, d'fhonn leibhéal agus cineál na tacaíochta atá dírithe ar dhaoine a fhilleadh ar an margadh saothair cuí agus ábhartha. Bhrath rannpháirtithe gur bhain an feachtas a cuireadh ar bun le déanaí maidir le calaois leasa shóisialaigh de thuairim an phobail faoin Roinn, agus braitheadh gur chruthaigh seo dioscúrsa an-diúltach agus gur imir sé tionchar diúltach ar iontaoibh dhaoine i leith na Roinne. Comhaontaíodh gur cheart go gcaithfí le dínit le daoine, ar an gcéad dul síos, nuair a dhéantar aon idirchaidreamh le seirbhísí poiblí.

### 2.9 Luach nahEarnála Poiblí a Aithint

Ba cheart go mbeadh ról ní ba mhó ag tuairim áitiúil nuair a dhéantar cinneadh faoi conas a chuirtear cláir i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil, agus go mbíonn na cláir siúd inoiriúnaithe ar leibhéal áitiúil. Caithfear luach earnáil an phobail, go háirithe an ról a ghlacann sé i dtaobh tacú le pobail glór a bheith acu, a aithint. Ar an gcuma chéanna, féadfaidh caillteanas eolais agus saineolais áitiúil bheith mar thoradh ar sheirbhísí poiblí a lárú.

## 2.10 Daoine a Mhaireann faoin mBochtaineacht a Spreagadh bheith páirteach sa Phróiseas Ceaptha Beartais

Teastaíonn níos mó saineolais a thabhairt isteach sa phróiseas cinnteoireachta: is é sin, go sonrach, daoine a mhaireann faoin mbochtaineacht agus ba cheart go mbeadh baint ag eisiamh sóisialta ar bhonn leanúnach. Tugadh an pointe seo chun solais sa dá cheardlann maidir le margadh saothair cuimsitheach agus ioncam íosta leordhóthanach.

I ndáil le margadh saothair cuimsitheach, tugadh faoi deara gur gá an leibhéal de chomhairliúchán idir an Roinn Coimirce Sóisialaí agus daoine a úsáideann seirbhísí leasa shóisialaigh a mhéadú. D'fhéadfadh seo cabhrú le meaitseáil fheabhsaithe a chinntiú idir easnaimh scileanna agus cláir oiliúna do dhaoine dífhostaithe. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé leibhéal agus soláthar na tacaíochta inoibre a dhéanamh oiriúnach do riachtanais gach duine aonair.

Sa cheardlann faoi ioncam leordhóthanach íosta, rinne rannpháirtithe argóint ar son an ghá atá le 'spás sibhialta' inar féidir le páirtithe leasmhara ábhartha (an rialtas, ceardchumainn, an earnáil pobail agus an earnáil dheonach, etc.) teacht le chéile agus saincheist chasta leordhóthanacht an ioncaim agus rátaí leasa shóisialaigh a fhiosrú.

# MÍR 3

## Fáilte agus ráitis tosaigh

# MÍR 3

## 3.1 Fáilte agus Ráitis Tosaigh

Chuir Anne Vaughan, Leas-Rúnaí, an Roinn Coimirce Sóisialaí, fáilte roimh gach duine thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí, agus luaigh sí gurb é téama an fhóraim ‘an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú – machnamh a dhéanamh ar an am atá imithe thart agus eolas a thabhairt don tréimhse amach romhainn’.

Tá stair fhada ag Éirinn de straitéisí náisiúnta in aghaidh na bochtaineachta – cothrom 20 bliain leis an mbliain 2017, rinneadh an chéad chreat straitéiseach a fhorbairt chun an bhochtaineacht agus cuimsiú sóisialta a chomhrac.

Tugadh chun solais i Straitéis Náisiúnta Aghaidh na Bochtaineachta 1997 an tábhacht a bhaineann le comhairliúchán leis an earnáil dheonach agus pobail agus go mbíonn na hearnálacha siúd bainteach, úsáideoirí straitéise agus iad siúd a bhfuil taithí phearsanta acu ar an mbochtaineacht amhail bheith lárnach dá forbairt agus chun beartais a chur i bhfeidhm go rathúil.

Bhunaigh an Rialtas an Fóram um Chuimsiú Sóisialta mar chuid de na struchtúir chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú Sóisialta 2007-2017. Is é cuspóir an fhóraim chun glór a thabhairt do rannpháirtithe i bhforbairt agus cur i bhfeidhm na mbeartas a imríonn tionchar go díreach orthu. Cuireann an Fóram deis ar fáil, chomh maith, a bhfáiltítear roimpi, dóibh siúd atá freagrach as beartas chun idirchaidreamh a dhéanamh leo siúd a ndéantar difear dóibh agus chun faisnéis a roinnt.

D’eagraigh Rannóg um Chuimsiú Sóisialta na Roinne an Fóram i gcomhpháirtíocht le Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta,

Éire agus Obair Phobail Éireann. Ghabháil Anne buíochas leis na comhpháirtithe dá dtacaíocht agus saineolas chun imeacht an lae a fhrámú agus a eagrú, go háirithe na réamhsheimineáir réigiúnacha a cuireadh ar bun timpeall na tíre.

Luaigh Anne gur foilsíodh an tuarascáil ar Fhóram 2016 agus go ndearna an Rialtas breithniú uirthi agus í a scaipeadh ar na páirtithe leasmhara ábhartha. Ba é téama an Fhóraim in 2016 'téarnamh cuimsitheach a fhás', a léirigh aistriú ar dhíriú ar réiteach na bochtaineachta – borradh cuimsitheach – seachas an bhochtaineacht féin. Aithnítear sa tuarascáil nach soláthróidh téarnamh nó borradh geilleagrach, é féin, sochaí níos cothroime nó níos cuimsithí.

Ar an iomlán, d'fhreastail 140 duine ar anbhFóram in 2016 agus ba iad na **príomhphointí**a thug siad chun solais:

- ábhar díomá nach mbainfí amach an sprioc eatramhach um laghdú bochtaineachta 4% faoi;
- is gá an tsamhail ghníomhachtaithe a fheabhsú i dtaobh an pacáiste bearta gníomhachtaithe a chur in oiriúint don duine aonair;
- b'fhéidir go n-eascródh aistriú chuig fostaíocht neamhchinnte as rialacháin a thabhairt isteach;
- ba ghá meaitseáil ní b'fhearr a dhéanamh idir aistriú na freagrachta suntasaí as forbairt pobail agus forbairt áitiúil i dtreo údaráis áitiúla agus acmhainní agus cumas leordhóthanach ar leibhéal údaráis áitiúil lena chinntiú go soláthraítear a ról maoirseachta agus go soláthraítear tacaíocht bhríoch d'earnáil an phobail chun feidhmiú go héifeachtach ar leibhéal áitiúil;
- ba ghá straitéisí éifeachtacha forbartha réigiúnaí agus forbartha tuaithe a fhorbairt mar ábhar tús áite dá mbronnfar éifeacht bhríoch ar fhostaíocht agus bearta in aghaidh na bochtaineachta faoin tuath in Éirinn;

- ní raibh daoine faoin mbochtaineacht athléimneach a dhóthain chun maireachtáil i dtimpeallacht choireachta agus chultúr drongchoirpeachta agus ba mhinic go raibh orthu a thabhairt faoi deara go raibh a leanaí ag géilleadh do dhrugaí nó do rudaí ní ba mheasa; agus
- ba cheart go gcuirfeadh bearta an mhargaidh shaothair le straitéisí ginearálta imeasctha, chomh maith, agus go gcuirfidís iad siúd atá an-leochaileach san áireamh a raibh soláthar díreach á fhágáil acu.

Dhearbhaigh Anne do na rannpháirtithe go raibh a n-aiseolas tábhachtach agus go ndearna an Rialtas breithniú air fad a bhí beartas á fhorbairt go leanúnach. Thug sí faoi deara go gcruthaíonn dearadh, cur i bhfeidhm agus meastóireacht ar bheartas dúshlán. Glacann sé roinnt ama lena leabú agus sula n-imríonn sé tionchar ar shaol daoine. Anuas air sin, braitheann sé ar acmhainní a bheith ar fáil. Tá roinnt forbairtí beartais ann sna limistéir a thug rannpháirtithe chun solais le roinnt blianta anuas, an méid seo a leanas ina measc:

- feabhsúcháin ar an gcóras coimirce sóisialta, íocaíochtaí agus cistiú leasa shóisialaigh méadaithe do Scéim na mBéilí Scoile ina measc;
- athchóirithe chun luach saothair a bhaint as an obair, bearta ina measc a dtugtar cuntas orthu in *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas* agus ag eascairt as seo, an tuarascáil a foilsíodh le déanaí, *Luach Saothair a bhaint as an Obair*;
- gealltanais chun ísealphá a chomhrac méaduithe ina measc ar an phá íosta náisiúnta agus *an Straitéis Náisiúnta Scileanna* a fhoilsiú;
- síneadh bhliain réamhscoileCOLÓ isteach sa dara bliain, an Scéim Cúraim Leanaí Aonair Inacmhainne, na gealltanais sa Phlean Gníomhaíochta um Leanaí in Aois Scoile agus an Clár Cáilíochta Luathbhlianta a thabhairt isteach inar glacadh roinnt beart chun cáilíocht an chúraim agus an oideachais luathbhlianta a ardú;

- *anPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017* a fhoilsiú, ina bhfuil gníomhartha i measc réimse limistéar (ar nós folláine, míbhuntáiste, scileanna, bonneagair). Spriocanna nua litearthachta agus uimhearthachta i scoileanna. Plean DEIS 2017 agus *an Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas*a fhoilsiú. Cistiú breise do scéimeanna printíseachta agus cúrsaí oiliúna;
- tacaíochtaí tithíochta, cistiú méadaithe ina measc don Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, méaduithe ar theorainneacha forlíonta cíosa agus na gealltanais in *Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine;* agus
- gealltanais eile chun an bhochtaineacht fuinnimh agus tuile a chomhrac agus chun an Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus feabhsúcháin ar chúram sláinte a thabhairt isteach.

Cé go ndearnadh dul chun cinn chun na beartais seo a fhorbairt, d’aithin Anne go dteastaíonn obair bhreise chun barr feabhais a chur orthu agus chun iad a chur i bhfeidhm – cuireann aiseolas ó eispéiris rannpháirtithe eolas ar fáil don fhorbairt beartais seo. Luaigh sí arís eile gur spéis léi aiseolas a chloisteáil faoi eispéiris daoine ar conas a sholáthraíonn an Roinn a cuid seirbhísí. Ní ba dhéanaí, nuair a bhí plé breise á dhéanamh air seo, leag Anne an bhéim ar theidlíocht duine chun sochar a fháil agus chun Achomharc reachtúil a dhéanamh. Má tá duine i dteideal sochar a fháil, ba cheart dó/di é seo a fháil. Tá an tseirbhís faoi stiúir éilimh.

Thagair Anne don Mhonatóir ar Chuimsiú Sóisialta a foilsíodh le déanaí a sholáthraíonn nuashonrú ar an gcás sóisialta in Éirinn, an dul chun cinn i dtreo na sprice náisiúnta sóisialta um laghdú bochtaineachta ina measc. Tagraíonn na torthaí don bhliain 2015, arb iad siúd na sonraí is déanaí atá ar fáil ón POS agus Eurostat.

Seo a leanas na **príomhthorthaí**

- Tugadh faoi deara in 2015 go raibh feabhsúcháin leanúnacha ag teacht ar an mbochtaineacht agus ar choinníollacha maireachtála. Tháinig laghdú ar an mbochtaineacht chomhsheasmhach i measc leanaí anuas ó 12.7% go dtí 11.5%. Tháinig laghdú nach mór ceithre phointe céatadáin ar an gcomhbhochtaineacht, arb é sin an bunús atá le ranníocaíocht na hÉireann le sprioc bhochtaineachta an Eoraip 2020, anuas go dtí 33.7%. Ba bheag athrú a tháinig ar an mbochtaineacht chomhsheasmh, den chuid ba mhó, nuair b'ionann í agus 8.7%.
- Nuair a chuirtear na táscairí tacaíochta san áireamh, tháinig laghdú 3.5 pointe céatadáin anuas go dtí 25.5% ar bhundíothú agus tháinig meath ar an ráta i mbaol bochtaineachta go dtí 16.9%, cé nárbh athrú é seo lenar bhain tábhacht staitistiúil.
- Lean an córas leasa shóisialaigh le ról tábhachtach a ghlacadh chun an bhochtaineacht agus neamhionannas ioncaim a fhuascailt. Laghdaigh aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) an ráta i mbaol bochtaineachta anuas ó 35% go dtí 17%; arb ionann sin agus éifeacht laghdaithe bochtaineachta 52%.
- Nuair a thugtar grúpaí saolré chun solais, b'ionann an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí i measc daoine breacaosta agus 2.7%. I measc daoine atá in aois oibre, bhí an baol bochtaineachta comhsheasmhaí ba mhó roimh dhaoine the dífhostaithe agus tuismitheoirí aonair a raibh an baol thart ar thrí huaire ní ba mhó ná an meánbhaolina measc.

Ag aistriú ó dhíriú náisiúnta chuig díriú ar an AE, thug Anne le fios gur cuireadh an Coinbhinsiún Bliantúil um Borradh Cuimsitheach 2017, ar ar fhreastail sí, ar siúl sa Bhruiséil an 24 Aibreán. Bhí a mhacasamhail de chuspóir ag an gCoinbhinsiún atá ag an bhFóram um Chuimsiú Sóisialta – tugann sé an lucht ceaptha beartais agus an tsochaí shibhialta le chéile

chun plé a dhéanamh ar an méid is féidir leis an AE a dhéanamh lena chinntiú gur féidir le gach saoránach tairbhí an bhorrtha fhíor-chuimsithigh a bhaint. Díríonn an t-imeacht ar fheabhas a chur ar iarrachtaí ar leibhéal an AE chun réitigh fhadtéarmacha a fhorbairt chun feabhas a chur ar an toise shóisialta tríd an mbochtaineacht a chomhrac, fostaíocht a mhéadú agus comhtháthú sóisialta agus cuimsiú sóisialta a neartú do chách.

Gach bliain freastalaíonn toscaireacht ó Éirinn ar an imeacht. Ba é ‘an óige agus cuimsiú sóisialta’ téama imeacht na bliana seo. Díríodh ar shaincheisteanna ar nós bochtaineacht leanaí agus óige, dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin, dúshláin um chuimsiú sóisialta atá roimh dhaoine óga, daoine óga faoi mhíchumas agus i gceantair uirbeacha cothromaíocht oibre is saoil tuismitheoirí óga; agus cur i bhfeidhm Thionscnamh Óige an Choimisiúin Eorpaigh, ar glacadh leis le déanaí, ina measc.

Bhí óráidí iomlánacha, ceardlanna, seisiúin idirghníomhacha chun smaointe agus dea-chleachtas faoi conas Eoraip Shóisialta le daoine óga agus ar mhaithe le daoine óga a thógáil, ar siúl i rith an lae.

Ag filleadh ar imeacht an lae, thug Anne cuntas ar an gclár. Ar an gcéad dul síos, dhéanfadh Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta (EAPN) agus Obair Phobail Éireann cur i láthair ar aiseolas ó na ceardlanna réigiúnacha.  Rinne an tAire Coimirce Sóisialaí, Leo Varadkar, T.D., óráid ghearr ina dhiaidh seo, a thug cuntas ar a dhearcthaí agus a fhís do na córais leasa shóisialaigh agus an tábhacht a bhaineann le córais dhaingne agus inbhuanaithe a bheith ann. Bheadh ceardlanna ar siúl i gcaitheamh na coda eile den mhaidin a chuirfeadh ar chumas rannpháirtithe chun plé a dhéanamh ar an treo ar cheart d’fhreagairtí beartais amach anseo agus na spriocanna sóisialta náisiúnta dul sa Straitéis nua. Eagraíodh na ceardlanna timpeall ar

théama an chuimsithe ghníomhaigh, is é sin: margaí saothair cuimsitheacha; rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin; agus ioncam leordhóthanach íosta; agus dhírigh ceardlann bhreise ar an sprioc náisiúnta um laghdú bochtaineachta.

Dhíreodh seisiún an tráthnóna ar chur i láthair ag rapóirtéir na comhdhála ar achoimre ar thorthaí na ceardlainne. Lean seisiún painéil agus cruinniú comhchéime é seo a dhéanfadh machnamh ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú reatha.



## 3.2 Aiseolas ó Cheardlanna Réigiúnacha

Le blianta beaga anuas, chabhraigh Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Éire agus Obair Phobail Éireann leis an Rannóg um Chuimsiú Sóisialta chun an t-imeacht seo a reáchtáil. Éascaíonn siad ceardlanna réigiúnacha atá mar phríomhghné den Fhóram um Chuimsiú Sóisialta bliantúil. Tugann na ceardlanna seo an deis do rannpháirtithe a ndéanann na saincheisteanna atá á bplé chun cur leis na príomhábhair atá ar an gclár don FCS agus chun go n-éistear lena nglórtha.

### Ann Irwin, Obair Phobail Éireann

Thosaigh Ann lena lua gur dheas go raibh an tAire i láthair le héisteacht le dearcthaí iad siúd a bhí bainteach sna ceardlanna réigiúnacha.

Mheabhraigh sí do na rannpháirtithe go bhfuil sé d'uaillmhian in Éirinn i dtaobh an bhochtaineacht a chomhrac nuair a forbraíodh an chéad phlean gníomhaíochta um an mbochtaineacht, 20 bliain ó shin. Ba é an dúshlán a cuireadh rompu tús áite a thabhairt don bhochtaineacht ar an gclár náisiúnta agus go mbeadh baint ag gach roinn rialtais. D'iarr sí ar dhaoine an uaillmhian sin a chothú i gcaitheamh an lae.

Luaigh Ann gur thug an EAPN agus Obair Phobail Éireann faoi cheardlanna réigiúnacha gach bliain roimh an bhFóram um Chuimsiú Sóisialta.I mbliana, bhí ceardlanna ar bun i nGaillimh agus in Rialto, Baile Átha Cliath. Anuas air sin, cuireadh grúpa fócais ar bun faoi easpa dídine. Bhí pleananna ann chun tabhairt faoi thrí cheardlann sa bhreis i ndiaidh an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta.

Chuir rannpháirtithe na ceardlainne fáilte roimh pháirt a ghlacadh ag na céimeanna tosaigh seo, agus bhí dearcadh dearfach acu, den chuid ba mhó, faoin moladh faoi phlean gníomhaíochta nua faoin mbochtaineacht agus cuimsiú sóisialta. Tugadh buairt chun solais, áfach, faoin moladh go

mb'fhéidir go ndéanfaí uaillmhian na bpleananna gníomhaíochta roimhe seo, faoi mar a léirítear i spriocanna, a tharraingt siar. Tugadh buarthaí eile chun solais.

- Bhíothas buartha faoin úsáid a baineadh as an téarma 'saoránach; Cé gur aithníodh gur téarma tábhachtach é seo, tá se tábhachtach, chomh maith, go mbíonn an plean nua um chuimsiú sóisialta ina phlean do chách. Caithfidh sé a bheith bunaithe ar chearta, agus caithfidh go n-aithnítear ann an ceart atá ag daoine saol a bheith acu ina mbíonn siad cuimsithe i dtaobh cúrsaí sóisialta de agus gan bheith faoin mbochtaineacht. Caithfidh an Dualgas nua Earnála Poiblí seo a chosaint.
- Tugadh chun solais an tábhacht a bhaineann le comhairliúchán ar leibhéal na cosmhuintire agus an tábhacht a bhaineann le forbairt pobail fhéinrialaitheach.
- Ba thábhachtach an téarma 'bochtaineacht' a úsáid agus gan drogall a bheith ar an téarma sin, nó an téarma 'cuimsiú sóisialta', a úsáid mar bhealach chun an bhochtaineacht a cheilt.
- Is ard go fóill don chomhréir dhaoine a mhaireann faoin mbochtaineacht chomhsheasmhach (8.7%). Bhíothas buartha faoi laghdú braite a tháinig ar an uaillmhian i dtaobh spriocanna bochtaineachta.
- Tá roinnt grúpaí an-leochaileach don bhochtaineacht, ar nós an Lucht Siúil, imirceach agus comhaltaí de phobal na Romach. Is minic go bhfágtar as an áireamh iad ó shonraí suirbhé mórscála faoin mbochtaineacht agus tugadh 'an bhochtaineacht dofheicthe' ar an mbochtaineacht i measc na ngrúpaí seo.
- Tugadh chun solais an tábhacht a bhaineann le forbairt pobail.

Tugtar achoimre sa tábla lastall ar na príomhthéamaí a eascróidh as na ceardlanna réigiúnacha.

**Tábla 1:Achoimre ar na téamaí ó cheardlanna réigiúnacha**

| **Téama** | **Príomh-shaincheisteanna** | **Meastacháin léiritheacha** |
|---|---|---|
| An bhochtaineacht | Ioncam fónta agus poist ar chaighdeán maith | ‘Conas a chuirimid stop le córas na bochtaineachta agus na coireachta i measc daoine óga?’ Tugtar €100 do dhuine óg a bhfuil an dól á fháil aige/aici ach féadfaidh sé/sí i bhfad níos mó ná sin a thuilleamh trí dhrugaí a dhíol – conas ba cheart dúinn é sin a chomhrac?’<br>‘Is éard a theastaíonn ó dhaoine ná poist ‘cearta’ – seachas níos mó scéimeanna.’ |
| Sláinte | Rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte atá inacmhainne | ‘Imríonn anmheabhairshláinte agus féinmhárú tionchar ar gach grúpa agus pobal’. Baineann ríthábhacht le rochtain ar thacaíochtaí meabhairshláinte’. |
| Tithe | Tithíocht shóisialta, cóiríocht don Lucht Siúil, easpa dídine | ‘Tá ár ndaoine agus ár leanaí ag maireachtáil go fóill faoi dhrochdhálaí’. Is é an t-aon rogha atá againn iarracht a dhéanamh chun cóiríocht phríobháideach ar cíos a aimsiú agus mar gheall ar na leibhéil idirdhealaithe, ní féidir sin a dhéanamh.’<br>‘Braitheann tú go bhfuil tú ar thimpeallán, ní féidir leat éalú ón gcóras’. Níl áit ar bith le fáil ar cíos, níl machnamh fiú á dhéanamh ort le haghaidh tithíocht phríobháideach ar cíos, fiú má tá ÍCT á fháil agat mar gheall nach mian leo glacadh le duine a bhfuil “saincheisteanna” acu.’ |
| Sábháilteacht Phobail | Infheistíocht a dhéanamh i nGardaí pobail | ‘Ba cheart go gcuirfeadh Gardaí Pobail aithne ar na daoine sa phobal agus ba cheart dóibh a bheith infheicthe.’ |
| Ceantair Thuaithe | Rochtain ar sheirbhísí, iompar, aonrú, coireacht | ‘Fiú dá mbeadh post ann – agus ba bheag seans go mbeadh ceann ar fáil, conas a d’fhéadfadh duine a chónaíonn i gceantar tuaithe taisteal chuig an bpost sin?’ Fiú dá mbeadh iompar poiblí ar fáil, conas a d’fhéadfadh duine a bhfuil pá íosta á fháil acu íoc as?’<br>‘Caithfidh duine labhairt ar son riachtanais phobail oileáin.’ Déantar dearmad dínn i gcónaí. Níl aon rochtain ar sheirbhísí d’aon chéim den tsaolré. Tá na pobail oileáin ag imeacht.’ |

D’fhreastail roinnt rannpháirtithe ceardlainne ar an bhfóram agus chuir siad le cur i láthair Ann.

> Labhair **Áine** faoi na costais bhreise dhofheicthe a thagann chun solais do theaghlach ina bhfuil leanbh atá faoi mhíchumas, agus thug sí le fios go raibh teaghlach thíos leis mar gheall ar na costais seo ar bhonn laethúil.
>
> Labhair **Michael** faoi rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, agus thug sé le fios gurb í an fhostaíocht an bealach trína bhféadfadh duine éalú ón mbochtaineacht, ach b’ábhar buartha go fóill dó gnéithe den mhargadh saothair, obair neamhchinnte ina measc. Leag sé an bhéim, chomh maith, ar thábhacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus pinsin, lena chinntiú go seachnaíonn foghrúpaí an daonra ar nós daoine breacaosta, an bhochtaineacht.
>
> Labhair **Iback** faoin gcaoi nár ceadaíodh d’iarrthóirí tearmainn oibriú fad a bhí siad ag feitheamh le go ndéanfaí cinneadh faoina gcás. Chruthaigh seo bochtaineacht agus cruatan nach beag, do leanaí ina measc. Chuirfeadh an ceart chun oibriú, ina measc siúd atá sa chóras seo ar feadh tréimhse fhada ama, ar a gcumas a scileanna a úsáid agus cur leis an ngeilleagar.
>
> Rinne **Elizabeth** trácht ar an ngá lena chinntiú go mbíonn teacht ag gach duine ar sheirbhísí sláinte inacmhainne, go háirithe i gceantair nach bhfuil na seirbhísí siúd ar fáil faoi láthair. Thug sí saincheist na meabhairshláinte chun solais i measc an Lucht Siúil, agus mhaígh sí gur bhain sé le fadhbanna tithíochta agus gur chuir seo bacainní roimh an bhfostaíocht.
>
> Labhair **William** faoin stiogma a bhaineann le bheith rangaithe mar dhuine gan dídean. Dá fhaide a bhíonn duine aonair gan dídean, is aonraithe a éiríonn siad. Thug sé chun suntais gur dheacair éalú ó bheith gan dídean.

Chuaigh **Mary** i ngleic le hábhar na cóiríochta don Lucht Siúil. Thug sí chun suntais nár caitheadh an cistiú a bronnadh ar údaráis áitiúla do chóiríocht don Lucht Siúil. Is amhlaidh atá an scéal in ainneoin nach ann do dhóthain cóiríochta don Lucht Siúil. Mhol sí nár cheart freagracht as an gcistiú seo a leagan ar údaráis áitiúla níos mó. Thug sí chun suntais, chomh maith, nach féidir le roinnt den Lucht Siúil teacht ar leas sóisialach mar gheall nach raibh seoladh acu.

Chuaigh **Corina**i ngleic le hábhar na sábháilteachta pobail, agus thug sí chun solais an gá atá le hinfheistíocht níos mó a dhéanamh i nGardaí pobail. Dúirt sí gur minic a ndearnadh dearmad de cheantair thuaithe, in ainneoin gur minic gur deacra a bhíonn sé teacht ar sheirbhísí i gcomhthéacs tuaithe. Labhair sí, chomh maith, ar phobail oileáin; i measc na bhfadhbanna a luadh, bhí seoltaí teoranta chuig agus ó oileán (Inis Toirc), a chuir srian ar dheiseanna turasóireachta; agus easpa cóiríochta, a chuir teorainn ar dheiseanna chun daonra an oileáin a mhéadú. Theastaigh cistiú ó phobail oileáin lena chur ar a gcumas chun bheith inbhuanaithe, seachas spleách.

## Robin Hannan, an EAPN

Thug Robin chun suntais, chomh maith, gur labhair na rannpháirtithe sna ceardlanna réigiúnacha faoi conas uaillmhianta a bhaint amach. Ag féachaint siar ar an tréimhse 20 bliain atá imithe tharainn, labhair siad faoi na beartais a rinne difríocht. Fiche bliain ó shin, cuireadh dúshlán romhainn chun athrú tréan a dhéanamh ar an mbealach a dhéanaimid gnó.

‘Dúshlán mór is ea an dúshlán a bhaineann leis an mbochtaineacht a chomhrac. Is éard a bhaineann leis ná athrú a bhaint amach i sochaí

na hÉireann. Is gá tús áite a thabhairt don bhochtaineacht ar an gclár náisiúnta. Is éard is gá a dhéanamh ná gach cuid de shochaí na hÉireann a shlógadh chun sochaí chothrom a thógáil. Is gá éisteacht leo siúd a n-imríonn an bhochtaineacht tionchar orthu go díreach agus iad siúd a thabhairt san áireamh. Beidh cinntí deacra le déanamh i gceist leis seo faoi thosaíochtaí agus beartais. Cuireann sé dúshláin reatha roimh ranna agus gníomhaireachtaí chun bealaí nua agus níos oscailte agus cuimsithí a fhorbairt chun rudaí a dhéanamh. Thairis sin uile, nuair a chuirtear san áireamh na cúiseanna struchtúracha atá bunaithe go daingean a bhíonn leis an mbochtaineacht, beidh iarracht shuntasach ag teastáil uaidh i gcaitheamh tréimhse ama. Má tá seo le coimeád, teastaíonn cur chuige straitéiseach. Mar sin, baineann ríthábhacht le straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina dtéann gach roinn agus gníomhaireacht rialtais i ngleic le gach gné den bhochtaineacht agus cuimsiú sóisialta.'

Introduction to the original (1997) NAPS, sínithe ag John Bruton

Theastaigh ó dhaoine go dtabharfaí le fios go soiléir go rabhthas tiomanta. Chun straitéis nua in aghaidh na bochtaineachta a fhorbairt, tháinig roinnt dúshlán aníos:

- cearta a aithint;
- an rialtas iomlán a shlógadh;
- acmhainní móra a infheistiú i seirbhísí, cáilíocht na hoibre agus ioncam;
- a chinntiú go gcuireann na beartais go léir cuimsiú chun cinn; agus
- a chinntiú go gcuirtear pleananna in oiriúint chun soláthar a dhéanamh.

Bhí sé inabhuntábhacht an tábhacht a bhaineann le cearta a aithint. Caithfidh an Plean bheith dírithe ar chearta agus caithfidh gur plean é a

chuirfidh acmhainní ar fáil do na cearta siúd agus a chuirfidh na cearta siúd i bhfeidhm i gcaitheamh tréimhse bheartaithe. Ba iad seo:

- an ceart chun ioncaim leordhóthanach a fháil chun maireachtáil le dínit;
- an ceart fostaíocht ardchaighdeáin a bheith agat;
- an ceart chun páirt a ghlacadh i gcinntí a imríonn tionchar ar ár saol;
- an ceart chun tithíocht, cúram leanaí, oideachas, sláinte agus seirbhísí eile a fháil a chumasaíonn saol fónta; agus
- an ceart chun cóiríocht agus tithíocht a bheith acu.

Theastaigh plean córasach chun sochaí a chruthú nach dtugann neamhaird ar dhuine ar bith. Daoine a éiríonn go luath ar maidin mar gheall go bhfuil siad gan dídean, tuismitheoirí aonair, daoine a chónaíonn ar láithreáin stad nach bhfuil rochtain acu ar shaoráidí cearta – ba ghá na daoine seo go léir a bheith i gceartlár an phlean nua seo.

Bhí rannpháirtithe ceardlainne buartha go bhfuil an cultúr ag teacht salach ar chearta, ar nós na gceart i leith leas sóisialach. Bíonn eagla ar dhaoine a gcuid ceart a éileamh mar gheall ar chultúr cogar. Bhrath go leor daoine gur chruthaigh an feachtas poiblíochta a cuireadh ar bun le déanaí in aghaidh caimiléirí eagla agus teannas sa tsochaí. Theastaigh ó dhaoine cur amach a bheith acu air seo chun straitéis in aghaidh na bochtaineachta a fhorbairt.

Níor bhain an plean gníomhaíochta náisiúnta maidir leis an mbochtaineacht le carthanas amháin. Ba chur chuige uile-rialtais é, a stiúradh ón uachtar. Faoi mar a luadh roimhe seo, ba thábhachtach an friotal a d'úsáid an rialtas. Níor labhair an rialtas roimhe seo faoi acmhainní. Thug Robin chun suntais go dteastaíonn infheistiú a

dhéanamh in acmhainní, chun go mbainfear spriocanna amach. Is gá a chinntiú go n-imríonn gach limistéar tionchar.

Leag Robin an bhéim air go dteastaíonn plean, seachas córas tuairiscithe, agus plean a bhaineann le hinfheistiú a dhéanamh i gcuimsiú sóisialta. Theastaigh an bonn cánach a fhairsingiú chun bonn cánach níos cothroime a chruthú. Ba cheart go mbainfeadh Éire meánfháltas cánach an AE amach.

Tá dea-chlú ar Éirinn i ngeall ar scéimeanna píolótacha agus obair níos taiscéalaíche nó ullmhúcháin a fhorbairt. Thug Robin chun suntais go ndearnadh go leor oibre sa tír seo chun ioncam leordhóthanach a fhiosrú – an méid a theastaíonn chun maireachtáil. Ach thug sé le fios nach bhfuil dea-cháil ar Éirinn chun acmhainní a infheistiú chun ioncam leordhóthanach a bhaint amach do chách. Thug sé le tuiscint gur seo an fáth nach bhfuil córas maith sláinte in Éirinn agus, i dtaobh na hEorpa, nach raibh dóthain cánach á íoc ag daoine a raibh ardioncaim á bhfáil acu in Éirinn. Luaigh sé gur ghá é seo a athrú.

‘Ar nós na sclábhaíochta agus apartheid, ní rud nádúrtha an bhochtaineacht. Rud é atá déanta ag an duine agus féadtar é a shárú agus deireadh a chur leis trí ghníomhartha daoine.’ Nelson Mandela

‘… ciallaíonn sé roghanna deacra a dhéanamh faoi thosaíochtaí agus beartais …’ (an NAPS 1997)

Leag Robin an bhéim air nach díreach cleachtadh a bhíonn i gceist le **promhadh ó thaobh na bochtaineachta** ina gcuirtear tic i mbosca – bhain meonta a athrú leis. Ba ghá gurb uirlis é chun pleanáil agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartas, agus níor cheart caitheamh leis díreach mar chóras tuairiscithe. Bhain an oiread céanna tábhachta leis

an mbochtaineacht a bhain leis an talmhaíocht, mar shampla. Theastaigh cur chuige uile-rialtais; níor cheart go mbeadh ach roinn nó aonad amháin i gceist leis seo. Mura raibh na saincheisteanna seo fréamhaithe inár smaointeoireacht, ní bheadh daoine thíos leis an oiread céanna i rith an chúlaithe gheilleagraigh. Ba ghá a chinntiú gur bhain promhadh bochtaineachta le pleanáil, agus gur imir sé tionchar ar an rialtas go léir. Níor cheart a mheas go bhfuil beartas ar bith 'ró-thábhachtach' nó 'ró-íogair' lena phromhadh; mar shampla, ba cheart promhadh i dtaobh bochtaineachta a dhéanamh ar bheartas soláthair dhírigh. Ar deireadh, teastaíonn pleananna gníomhaíochta ó spriocanna.

'…is éard a bhaineann leis ná éisteacht leo siúd a bhfuil baint dhíreach acu sa bhochtaineacht agus lena n-eagraíochtaí…' (an NAPS 1997)

Ba cheart dul i gcomhairle le daoine a úsáideann seirbhísí nuair a bhíonn pleanáil agus beartas seirbhíse á bhforbairt. Thug rannpháirtí ceardlainne faoi deara, 'Is fearr a bhíonn seirbhísí más féidir leis na daoine a úsáideann iad páirt a ghlacadh i gcinntí faoi conas a dheartar agus a sholáthraítear iad'

.

Michael Mackey le Galway Simon**:** Ba cheart go nglacfadh daoine a úsáideann seirbhísí páirt a ghlacadh i gcinntí faoi conas a sholáthraítear na seirbhísí siúd. Mar shampla, comhaltaí dá bhord iad triúr cliant le Galway Simon.

Ba shampla maith é an Fóram um Chuimsiú Sóisialta ar conas a d'fhéadfaí tabhairt faoi chomhairliúchán. Rinneadh an earnáil pobail a mhilleadh le deich mbliana anuas. Ba ghá do dhaoine a bheith in ann smacht a ghlacadh ar a saol. De réir an aiseolais a fuarthas ó cheardlanna réigiúnacha a bhain leis an tsaincheist seo gur ghá don

chomhairliúchán a bheith ní ba mhoille agus gur ghá go mbeadh an soláthar ní ba thapúla. Theastaigh ó dhaoine torthaí a thabhairt faoi deara nó cruthófar lagmhisneach. Bhí an méid seo a leanas ag teastáil:

- fíor-chomhairliúchán ag gach céim de phleanáil agus soláthar;
- tacaíochtaí do phobail a atógáil chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh féin agus smacht a fháil ar a saol féin; agus
- níos mó ama chun comhairliúchán a dhéanamh, aiseolas agus soláthar níos tapúla.

Is éard a bhíonn i gceist le straitéis chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus eisiamh sóisialta ... ‘athrú suntasach a dhéanamh ar shochaí na hÉireann... an bhochtaineacht a shuíomh i measc na saincheisteanna atá ag barr an chláir náisiúnta’ (an NAPS 1997).

## Ann Irwin: Focal Scoir

Thug Ann chun solais go bhfuil dúshláin romhainn de réir mar a ullmhaítear an plean gníomhaíochta nua náisiúnta maidir leis an mbochtaineacht. Cé a bhí faoin mbochtaineacht in 2008 agus cé atá faoin mbochtaineacht go fóill anois? Cé ar theastaigh idirghabháil uathu chun cabhrú leo? Ba é sin an dúshlán a bhí romhainn inniu.

### 3.3 Aitheasc leis an Aire Coimirce Sóisialaí, Leo Varadkar, TD

“A Chathaoirligh, a dhaoine uaisle, tá gliondar croí orm a bheith anseo inniu agus an deis a bheith agam chun labhairt leis an 12ú tionól seo den Fhóram um Chuimsiú Sóisialta.

Is eol dom go gcuireann an t-imeacht seo fóram áisiúil agus a bhfáiltítear roimhe chun dearcthaí agus smaointe a mhalartú faoi dhul chun cinn in Éirinn.

Tugann an Fóram glór do dhaoine a n-imríonn an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta tionchar díreach orthu, agus duit féin, a oibríonn leo, nuair a bhíonn beartas á fhorbairt, agus i dtaobh na mbealaí a chuirtear beartais i bhfeidhm.

Creidim go mbaineann éifeachtacht an Fhóraim go mór le do rannphháirtíocht chuiditheach agus bhisiúil. Is mór dom é seo.

Ábhar bróid dom tiomantas leanúnach mo Roinne d’idirchaidreamh a dhéanamh leat agus do dhul i gcomhairle leat trí réimse fóram, ar nós ár gcruinnithe leis an Earnáil Pobail agus leis an Earnáil Dheonach, an Fóram Comhairliúcháin Míchumais, agus leis an bhFóramRéamhbhuiséid. I dtosach báire, ar an ábhar sin, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leat as freastal inniu agus do chuid dearcthaí agus eispéireas a roinnt. Táim buíoch, chomh maith, de na daoine a d’fhreastail ar na ceardlanna réigiúnacha a d’eagraigh EAPN, Éire agus Obair Phobail Éireann.

D’éist mé le spéis leis an aiseolas ó Robin agus Ann agus na cainteoirí go léir eile. Leagann sé béim ar na dúshláin a leanann bheith romhainn

chun an bhochtaineacht a chomhrac agus an gá atá le freagairtí fairsinge beartais gearrthéarmacha agus fadtéarmacha.

## An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú

Díríonn imeacht an lae inniu ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú 2007-2017 – ár straitéis trasrialtaischunan bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chomhrac. Sainaithnítear sa Phlean réimse fairsing gníomhartha agus idirghabháil sprioctha chun an bhochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú. Chuimsigh sé deich mbliana, ó 2007 go 2017, d’athrú geilleagrach agus sóisialta nach raibh coinne leis, agus rinne na bearta sa Phlean tionchar an chúlaithe eacnamaíochta an-domhain a mhaolú a rabhamar thíos leis i rith an ama seo.

I mbliana, tá athbhreithniú á dhéanamh ag mo Roinn ar an bPlean agus ar na spriocanna gaolmhara náisiúnta sóisialta, chun eolas a sholáthar d’fhorbairt na Straitéise nua. Tabharfaidh an plé inniu an deis duit do dhearcthaí faoi seo a léiriú.

## Monatóir ar Chuimsiú Sóisialta

Baineann ríthábhacht le monatóireacht agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta ar mhaithe tuairisciú a dhéanamh ar bheartas agus beartas a mhúnlú. Is é an Fóram um Chuimsiú Sóisialta an príomhstruchtúr ar a mbraithimid chun éisteacht le do ghlór faoi conas atá beartais á gcur i bhfeidhm agus foghlaim ó d’eispéireas. Tá seo an-tábhachtach mar gheall go mbeartaímid a chinntiú go leanann an téarnamh agus go mbaineann gach duine tairbhe as.

Cuirim fáilte roimh an bhfeabhsú ar dhálaí maireachtála, neamhionannas ioncaim agus bochtaineacht a dtugtar cuntas orthu sa Mhonatóir ar Chuimsiú Sóisialta don bhliain 2015, a foilsíodh níos luaithe an

tseachtain seo. Tháinig méadú 6.2% ar ioncaim in 2015 go príomha mar gheall ar fhostaíocht atá ag dul in airde.

Bhí Éire ní ba chothroime, chomh maith leis sin, i dtaobh dháileadh an ioncaim ná mar a bhí ag aon tráth le deich mbliana anuas. Tháinig laghdú ar dhíothacht bhunúsach don dara bliain i ndiaidh a chéile, baineadh 13,000 leanbh as an mbochtaineacht chomhsheasmhach agus lean an córas coimirce sóisialaí le ról tréan a ghlacadh chun an bhochtaineacht agus neamhionannas ioncaim a laghdú.

Is deas liom go bhfuil an Monatóir ar fáil duit chun thú a chur ar an eolas ar do phlé ar an bPlean nua agus ar na spriocanna ailínithe náisiúnta sóisialta.

Luíonn sé le ciall chun an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo ar na spriocanna, na spriocanna ardleibhéil agus gníomhartha beartais tacaíochta a thabhairt ar aird, lena chinntiú go bhfuil an treo beartais amach anseo agus an uaillmhian chomh cuimsitheach agus chomh réalaíoch agus is féidir.

## Straitéisí Cuimsithe Shóisialta Amach Anseo

Léireofar sa Straitéis nua na dúshláin shóisialta agus gheilleagracha atá amach romhainn. Tháinig athrú mór orthu seo ó cuireadh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i dtoll a chéile in 2007.

Nuair a bhí straitéis amach anseo á forbairt chunan bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, is gá dúinn breithniú a dhéanamh ar cad iad na freagairtígearrthéarmacha agus fadtéarmacha beartais is fearr.

Baineann olltábhacht le himeachtaí ar nós imeachtaí an lae inniu; soláthraíonn siad deis dúinn go léir chun plé a dhéanamh ar na dúshláin seo agus na roghanna beartais seo.

Féadfaidh plé oscailte agus macánta cabhrú linn tuiscint chomhpháirteach a fhorbairt ar na saincheisteanna atá roimh gach grúpa sa tsochaí. Ní féidir leis seo ach feabhas a chur ar cheapadh beartais agus soláthar seirbhíse.

Faoi mar is eol dúinn, is iomaí gné a bhaineann leis an mbochtaineacht, agus teastaíonn freagairt uile-rialtais uaithi. Níl i dtacaíocht ioncaim ach gné amháin agus baineann an tábhacht chéanna le comhábhair ghníomhacha chuimsithe eile – margaí saothair cuimsitheacha, beartais chuí ghníomhacha mhargadh saothair agus rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin.

Is é an dúshlán atá romhainn faoi láthair chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach i measc na dtrí limistéar seo.

## Ioncam Íosta Leordhóthanach

Faoi mar is eol duit, glacann aistrithe sóisialta ról lárnach chunan bhochtaineacht agus neamhionannas a fhuascailt, déanann siad daoine a chosaint ón tionchar is measa a bhíonn ag laghduithe gan choinne ar ioncam mar gheall ar dhífhostaíocht, bochtaineacht nó míchumas.
Trí shonraí Eurostat a úsáid, laghdaigh aistrithe sóisialta an ráta i mbaol bochtaineachta anuas ó 36% go dtí 16%; arb ionann sin agus éifeacht laghdaithe bochtaineachta 55%. Cuirtear seo i gcomparáid le meánráta 33.5% san AE.

Bhí Éire ar an mballstát ab fhearr ar éirigh leis san AE i dtaobh laghdú bochtaineachta agus neamhionannas ioncaim mar gheall go raibh ráta laghdaithe neamhionannas ioncaim na hÉireann dhá uair ní ba mhó ná an meánráta san AE.

Chuir an téarnamh ar chumas an Rialtais chun réimse feabhsúcháin leasa a thabhairt isteach ó 2016 ar aghaidh. Ba é mo chur chuige a chinntiú gur cuireadh feabhas ar an leibhéal de thacaíocht ioncaim do chách fad a cuireadh barr feabhais, i gcomhthráth, ar an gcóras coimirce sóisialaí trí réimse fairsing d'fheabhsúcháin spriocdhírithe.

I measc na mbeart a tugadh isteach, tá méaduithe ar chroírátaí seachtainiúla do phinsinéirí agus daoine fásta in aois oibre, neamhaird ioncaim do thuismitheoirí aonair, agus teorainneacha cíosa d'íocaíochtaí tacaíochta tithíochta.

Ó Mheán Fómhair seo chugainn ar aghaidh, cabhróidh Liúntas bliantúil €500 do Chostas Oideachais do rannpháirtithe sa Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas a bhfuil leanaí acu le tuismitheoirí, tuismitheoirí aonair ina measc, chun filleadh ar oideachas.

I mbuiséid le déanaí, ba chuspóir dom go mbainfí luach saothair ón obair trí athchóirithe ar an gcóras ÁSPC, margadh nua ina measc do dhaoine féinfhostaithe agus roinnt bearta spriocdhírithe chun cabhrú le tuismitheoirí aonair, feirmeoirí agus leanaí scoile.

## Margaí Cuimsitheacha Saothair – Bealaí chun Oibre 2020

Baineann tábhacht leis an bhfostaíocht a fhás agus rochtain a sholáthar ar an margadh saothair chun an bhochtaineacht a chomhrac, go háirithe i dteaghlaigh a bhraitheann ar leas.

Faoi mar is eol duit, dhíríomar, le déanaí, ar an gcur chuige gníomhachtaithe a athchóiriú, Intreo a thabhairt isteach ina measc chun seirbhísí comhtháite fostaíochta agus tacaíochtaí ioncaim a sholáthar, agus ar JobPath a thabhairt isteach níos déanaí.

Díríonn an Straitéis Bealaí chun Oibre ar a chinntiú gur féidir le cuardaitheoirí poist teacht ar dheiseanna ardchaighdeáin oibre, oiliúna agus oideachais. Leanann sé le tús áite a thabhairt do ghníomhachtú daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do dhaoine óga atá dífhostaithe, agus soláthraítear tacaíochtaí tríd an líonra d'oifigí Intreo.

Samheántéarma, is é an cuspóir chun seirbhísí agus tacaíochtaí a fhairsingiú do dhaoine a bhfuil de chumas agus d'uaillmhian acu ról níos gníomhaí a ghlacadh sa lucht saothair, cé nach bhfuil siad rangaithe amhail bheith dífhostaithe.

Táim muiníneach go leanfaidh an pacáiste bearta gníomhachtaithe atá i bhfeidhm againn le torthaí a bhaint amach agus go gcabhróidh siad le daoine filleadh ar an obair. Cuirfidh na dearcthaí a léirigh tú ag ceardlanna an lae inniu faisnéis ar fáil dár smaointeoireacht ar an tsaincheist seo.

### Rochtain ar Sheirbhísí Ardchaighdeáin

Caitheadh súil chun cinn i mbuiséid le déanaí, agus rinne siad acmhainní teoranta a leithdháileadh ar bhealach stuama, lena chabhrú a chinntiú go mbaineann cách tairbhe ón téarnamh.

Anuas air sin, dhírigh na buiséid seo, chomh maith, ar sheirbhísí a sholáthar, seachas díreach ar thacaíochtaí ioncaim.

Cuir i gcás, áiríodh le buiséad 2017 bearta a thabhairt isteach bearta ar nós na Scéime Cúraim Leanaí Aonair Inacmhainne, síneadh cártaí leighis agus scéim na mbéilí scoile.

## Conclúid

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat ó chroí as freastal ar anbhFóram agus as do dhearcthaí agus eispéiris a roinnt.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta agus Obair Phobail Éireann as a dtacaíocht agus a saineolas chun an cheardlann seo agus ceardlanna réigiúnacha a eagrú.

Toradh mór den phróiseas is ea tuarascáil Fhóram an lae inniu – a chuirfear faoi bhráid an Rialtais go foirmiúil, agus a scaipfear ar gach roinn rialtais, ar pháirtithe leasmhara éagsúla agus ar an bpobal mór.

Tá sé in ainm is a chinntiú go gcuirtear léargais, conclúidí agus moltaí an Fhóraim isteach sa phróiseas ceaptha beartais agus tá fáil ag gach páirtí leasmhar orthu. Táim ag tnúth leis an tuarascáil seo a léamh in am agus i dtráth agus machnamh a dhéanamh uirthi nuair a bhíonn an Plean Gníomhaíochta um Chuimsiú Sóisialta nua á fhorbairt.”

# MÍR 4

## Ceardlanna an Fhóraim

# MÍR 4

## Ceardlanna an Fhóraim


### 4.1 Ceardlann 1: Leasú na Sprice Sóisialta Náisiúnta um Laghdú na Bochtaineachta

Éascaitheoir: Frances Byrne, Luath-Óige Éireann

#### Dorothy Watson, ESRI

Dhírigh an cur i láthair seo ar an sprioc reatha shóisialta náisiúnta um laghdú na bochtaineachta agus conas a d'athraigh an bhochtaineacht in Éirinn le himeacht ama. Is ar éigean a tháinig athrú ar an tomhas ioncaim don bhochtaineacht (níos lú ná 60% den mheánioncam) le blianta beaga anuas. I rith an chúlaithe eacnamaíochta, tháinig laghdú ar ioncaim agus níor tháinig méadú ar an ráta bochtaineachta dá bharr. Tá an dara beart bochtaineachta bunaithe ar chaighdeáin mhaireachtála: an acmhainn a bheith ag duine íoc as earraí ar nós bia, éadaí, téamh, saol sóisialta bunúsach, bronntanais agus troscán. Déantar leibhéal bunúsach díothachta a thomhas murar féidir le teaghlach/duine aonair íoc as dhá earra nó níos mó. Tháinig méadú ar an mbeart seo i rith an chúlaithe eacnamaíochta, sular thit sé arís. Léiríonn seo an gá atá le dhá bheart bochtaineachta. Sa chás go ndeimhnítear go bhfuil duine aonair/teaghlach bocht in dhá thomhas, tugann seo le fios gurb ann don bhochtaineacht chomhsheasmhach. Níor tháinig an méadú céanna ar an mbochtaineacht chomhsheasmhach a tháinig ar leibhéil díothachta i rith an chúlaithe eacnamaíochta, ach i ndiaidh an chúlaithe eacnamaíochta, níor tháinig an laghdú céanna air a tháinig ar dhíothacht.


**Fíor 1: Treochtaí bochtaineachta agus díothachta:**




## Spriocanna Reatha um Laghdú na Bochtaineachta

Tá an sprioc náisiúnta shóisialta um laghdú na bochtaineachta bunaithe ar an mbochtaineacht chomhsheasmhach. Ba é an phríomhsprioc chun leibhéil na bochtaineachta comhsheasmhaí a laghdú anuas ó 6.3% in 2010 go dtí 4% faoi 2016 agus anuas go dtí 2% nó níos lú faoi 2020.


**Fíor 2: Príomhsprioc – an bhochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú**



Bhain an bhochtaineacht chomhsheasmhach an leibhéal ab ísle amach in 2008, agus thosaigh méadú ag teacht air ina dhiaidh sin. Tá méadú tagtha ar an leibhéal reatha – 8.7% – seachas laghdú i dtreo an spriocleibhéil.

Dhírigh sprioc eile ar leanaí, a dhírigh ar líon na leanaí atá thíos leis an mbochtaineacht chomhsheasmhach faoi 2020 a laghdú faoi 70,000 duine. Dhírigh an sprioc dheireanach ar 'an gcomhbhochtaineacht' (i mbaol bochtaineachta nó díothacht bhunúsach) a laghdú faoi 200,000 duine, ar a laghad, idir 2010 agus 2020, a léireodh rannchuidiú na hÉireann le sprioc bhochtaineachta 2010 na hEorpa. B'airde rátaí tomhais bhochtaineachta i measc leanaí ná mar a bhí siad i measc daoine fásta le blianta beaga anuas. Bhí an ráta bochtaineachta comhsheasmhaí i measc leanaí ag titim a fhad leis an gcúlú eacnamaíochta, tráth a thosaigh sé ag dul in airde arís. Níl titim ag teacht air ach le déanaí.

**Fíor 3: Bochtaineacht leanaí i gcomparáid leis an mbochtaineacht iomlán**





*Nóta:Léirítear ar an líne sholadach bochtaineacht leanaí; léirítear ar an líne bhriste an bhochtaineacht iomlán.*

D'fhonn an sprioc a bhaint amach chun breis agus 70,000 leanbh (aois 0–17 mbliana) a bhaint den bhochtaineacht chomhsheasmhach faoi 2020, teastaíonn uainn go dtiocfadh laghdú uirthi anuas go dtí 3.2% faoin mbliain sin – arb ionann seo agus laghdú ar a laghad dhá thrian ar leibhéal 9.3% in 2011.

Tháinig laghdú ar an ráta 'comhbhochtaineachta' i rith an bhorrtha gheilleagraigh, chuaigh sé i méid i rith an chúlaithe eacnamaíochta, agus thosaigh sé ag ísliú beagán le blianta beaga anuas. Chun an sprioc a bhaint amach, áfach, caithfidh sé titim anuas ó 34% go 27%.

**Fíor 4: Treochtaí agus sprioc nacomhbhochtaineachta**




## Ceisteanna a bhfuil Breithniú le déanamh orthu

Baintear sonraí faoin mbochtaineacht ón daonáireamh ar theaghlaigh agus ó shonraí suirbhé: an daonra a chónaíonn i dteaghlaigh phríobháideacha. Ciallaíonn seo go bhfágtar grúpaí áirithe beaga ach leochaileacha den daonra as an áireamh, ar nós iarrthóirí tearmainn agus an Lucht Siúil, grúpaí ar féidir leo beith faoi mhíbhuntáiste áirithe. An dteastaíonn sprioc ar leith uainn dóibh?

Nuair is beag is dóchúil go mbainfear sprioc amach, conas a fhreagraímid air seo? An ndéanaimid an méid seo a leanas?:

- An sprioc a athrú chuig rud éigin níos réalaíche?
- An fáth a fhiosrú nár baineadh spriocanna amach?
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár dtosaíochtaí, agus béim á leagan ar fheabhsúcháin dóibh siúd is leochailí?

### Paul Ginnell, EAPN, Éire

Tá sé tábhachtach go mbíonn sprioc bhochtaineachta againn, anuas ar fhospriocanna, ar roinnt cúiseanna. Déanann sprioc bhochtaineachta aird agus díriú a thabhairt ar an mbochtaineacht mar rud nár cheart glacadh leis agus mar shárú ar cheart daonna. Ina theannta sin, cuireann sprioc bhochtaineachta beartas chun cinn i measc gach limistéar beartais, agus teastaíonn straitéis uile-rialtais chun é a bhaint amach. Ciallaíonn seo:

– leithdháileadh acmhainní;
– monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna nach bhfuil ag éirí leo; agus
– promhadh agus measúnú tionchair a dhéanamh ar an gcéim dhearaidh agus phleanála.

Cinntíonn sprioc bhochtaineachta cuntasacht, chomh maith, agus ba cheart go gcuirfeadh sé rannpháirtíocht iad siúd atá thíos leis an mbochtaineacht san áireamh.

Is tábhachtach go léirítear i sprioc bhochtaineachta cineál casta na bochtaineachta, go gcuirtear in iúl an chaoi go mbaineann an bhochtaineacht le rochtain ar ioncam leordhóthanach, seirbhísí ardchaighdeáin agus obair fhónta. Tá ceangal idir an bhochtaineacht agus neamhionannas, idirdhealú, beartas geilleagrach (cánachas ina measc), athdháileadh agus infheistíocht.





..




Ba cheart na saincheisteanna seo a léiriú, chomh maith, sa té a bhfuil baint aige/aici i ndearadh agus cur i bhfeidhm an bheartais ábhartha.

Ba cheart go léireofaí sa sprioc nua an chaoi gurb éagsúil don bhaol i leith bochtaineachta i measc grúpaí éagsúla, ag brath ar a gcúlra sóisialta, geilleagrach agus cultúrtha, anuas ar a n-aois agus a n-inscne. Mar shampla, tá baol níos mó roimh dhaoine dífhostaithe, iad siúd nach bhfuil ag oibriú mar gheall ar bhreoiteacht nó míchumas agus iad siúd os cionn 65 bliain d'aois i leith bochtaineachta ná mar atá roimh ghrúpaí eile, agus bíonn baol níos airde roimh leanaí i leith díothacht ábhartha agus bochtaineacht chomhsheasmhach nuair a chuirtear i gcomparáid iad le grúpaí eile.

**Fíor 5: Rátaí bochtaineachta, de réir grúpaí**




Anuas air sin, ní chuirtear go leor grúpaí leochaileacha san áireamh i staitisticí oifigiúla, ar nós an Lucht Siúil, roinnt imirceach, agus daoine atá gan dídean.

Ba cheart go ndéanfadh athbhreithniú ar an sprioc an méid seo a leanas:

- bheith ina sprioc(anna) uaillmhianach(a) ardleibhéil chun saghas na sochaí a bhaint amach a theastaíonn uainn;

- dul i ngleic le fospriocanna do ghrúpaí ardriosca – bheith mar sprioc nach bhfágann aon duine ar lár; agus
- a chuireann toisí éagsúla den bhochtaineacht san áireamh trí úsáid a bhaint as táscairí éagsúla na bochtaineachta.

Cuirtear neamhionannas ioncaim san áireamh sa bhaol i leith bochtaineachta. Cuirtear san áireamh i ndíothacht ábhartha cumas daoine chun earraí buntábhachtacha a sholáthar agus chun páirt a ghlacadh sa tsochaí. Cuirtear san áireamh i mbochtaineacht chomhsheasmhach iad siúd atá i mbaol bochtaineachta agus atá thíos le díothacht ábhartha – leibhéal níos doimhne de bhochtaineacht.
Is tábhachtach gurb ann do shonraí maithe faoi eispéireas na bochtaineachta, idir shonraí cainníochtúla agus sonraí cáilíochtúla.
Is buntábhachtach gur cheart go gcuirfeadh plean gníomhaíochta nua comhtháite náisiúnta um an mbochtaineacht beartas chun cinn. Níor cheart go mbainfí den uaillmhian reatha trí athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna reatha. Rinneadh an t-athbhreithniú ba dhéanaí ar na spriocanna reatha in 2012, fad a bhí an ghéarchéim gheilleagrach i ndiaidh an pointe ba mheasa a bhaint amach. Anois, in ainneoin dúshlán, tá taitneamh á bhaint ag an tír as cor chun feabhais sa gheilleagar. Ní leor daoine a fhágáil faoin mbochtaineacht. Caithfear díriú ar bheartas a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

## Plé

### Spriocanna Sóisialta don Phlean Nua Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú

Ábhar roinnt mearbhaill a bhí sa mhéid a bhí i gceist ag an *Sprioc Shóisialta Náisiúnta* mar théarma, seachas an coincheap féin. Míníodh gurb éard atá i gceist leis ná an sprioc bhochtaineachta comhsheasmhaí 2% a bhaint amach faoi 2020. Ba é ancomhdhearcadh gur tábhachtach an sprioc uaillmhianach a choimeád ar mhaithe leis an teachtaireacht a

chuir seo in iúl: is é sin, gur saincheist thábhachtach bheartais í seo agus go mb'fhéidir go gcuirfí easpa toil pholaitiúil in iúl dá mbainfí den sprioc, dá laghad. B'fhéidir nach mbaineann an deacracht leis an sprioc, ach go mbaineann sé, ina ionad sin, le heaspa iarracht dhóthanach a bheith á déanamh chun an sprioc a bhaint amach. Luaigh roinnt daoine gur fearr leobunsprioc an *NAPinclusion* chun an bhochtaineacht a dhíothú. Ach chuir daoine eile in aghaidh na hargóinte gur gá don sprioc a bheith réalaíoch, chomh maith, agus gan a bheith ró-uaillmhianach, ar eagla nach mbainfí amach é dá bharr. Bhrath an grúpa gurb é an fiúntas a bhaineann le sprioc ná go leagann sé cuntasacht ar shealbhóirí beartais. Bhíothas ar aon intinn leis gur gá don sprioc leasaithe an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir uaillmhian agus réalachas, agus idir solúbthacht agus urra, ionas go mbíonn pé rud a chomhaontaítear inbhuanaithe anuas ar inbhainte amach. Rinneadh an pointe go bhféadfadh athrú teacht ar a mhéid a bhíonn sprioc réalaíoch le himeacht ama, ach go leanann sprioc sheasta le hiarracht a dhíriú agus gníomhartha a ailíniú chun í a bhaint amach. I ndeireadh na dála, d'admhaigh an grúpa gur cheart an sprioc fhoriomlán 2% a choimeád agus gur cheart gníomhartha tacaíochta a neartú chun seo a bhaint amach.

### An Cás a Fheabhsú do Ghrúpaí Leochaileacha

Bhí drogall ar an ngrúpa grúpaí sóisialta áirithe a shainaithint mar ghrúpaí óna dteastaíonn sprioc shonrach. Ansin cuireadh ceist oscailte: cén bealach eile a d'fhéadfaimis réadúlacht taithí féin saoil daoine a dheimhniú? Agus plé níos fairsinge á dhéanamh ar an gceist lena mbaineann cé acu ar cheart nó nár cheart fospriocanna a bheith ann d'fhoghrúpaí,rinneadh an pointe, mura n-aithníonn an tsochaí go bhfuil grúpaí áirithe níos leochailí ná grúpaí eile, conas is féidir dul i ngleic le saincheisteanna casta sóisialta? Mura n-ainmnítear foghrúpaí ar bhonn

aonair amhail grúpaí óna dteastaíonn sprioc ar leith, is baol dóibh nach dtabharfar tús áite dóibh sa fhreagairt beartais. Bheartaigh an grúpa chun spriocanna ar leith a leagan amach le hidirghabháil ailínithe do leanaí, fir shingil, tuismitheoirí aonair, an Lucht Siúil, imircigh, daoine faoi mhíchumas i measc na ngrúpaí reatha saolré a ainmnítear in *NAPinclusion*.

Dhírigh an plé ansin ar na teorainneacha a chuirtear ar chúrsaí trí bhrath ar shonraí Shuirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála an POS (SIDM) chun fospriocanna a leagan. Faoi mar ar glacadh go fairsing leis gur fágadh roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste as an áireamh ón suirbhé seo ar theaghlaigh – mar shampla, an Lucht Siúil agus iarrthóirí tearmainn atá i gcóiríocht soláthair dhírigh – tugadh an cheist chun solais maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart go mbeadh fospriocanna do na grúpaí seo bunaithe ar an bhfoinse sonraí seo. Thacaigh an grúpa leis an úsáid a bhaintear as sonraí riaracháin agus naisc bhreise le sonraí a mhéadú, chun sonraí níos cuimsithí a dhéanamh de na sonraí. D'fhéadfadh seo imeascadh sonraí a bailíodh ó chláir chistithe a chur san áireamh le himeacht ama. Léirigh an grúpa gurb ábhar buartha dóibh an claonadh chun brath an iomad ar shonraí cainníochtúla chun dálaí maireachtála na dteaghlach níos leochailí a léiriú. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar eispéireas féin grúpaí leochaileacha, is gá go gcuirfidh torthaí ó thaighde cáilíochtúil leis na sonraí seo. Ábhar eile buartha ab ea an easpa cistithe oifigiúil atá dírithe ar thaighde sa limistéar seo. B'fhéidir go ndéanfar breithniú ar scoláireachtaí agus sparánachtaí a thabhairt isteach arís chun tacú le scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste chun tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil. Togra eile a bhí ann go mb'fhéidir go ndéanfadh staitisteoirí agus oifigigh bheartais machnamh ar oibriú trí ghrúpaí Eagraíochtaí Neamhrialtasacha chun na sonraí a bhailiú a theastaíonn

chun dul bearnaí reatha i bhfaisnéis faoi dhálaí maireachtála grúpaí áirithe sóisialta, ar nós an Lucht Siúil agus imirceach.

Pointe eile a tugadh chun solais faoin mbailiú sonraí ba ea an gá atá le ceisteanna suirbhé a fhorbairt ina léirítear peirspictíochtaí sonracha foghrúpaí ar leith laistigh de theaghlach, chun toise na leanaí nó na hinscne, mar shampla.

Luadh focal rabhaidh faoin bhféidearthacht go bhféadfadh an iomad fospriocanna a bheith ann, agus go mbeadh uaillmhianta i measc foghrúpaí a rachadh in iomaíocht a chéile i gceist dá bharr. Leagadh an bhéim air gurb éard atá ar an sprioc uileghabhálach an gá atá leis go n-oibríonn ionadaithe grúpaí leochaileacha as lámh a chéile mar phobal chun feabhas iomlán a bhaint amach ar chaighdeáin mhaireachtála.

## Tacú le Táscairí chun Monatóireacht a dhéanamh ar na Spriocanna Sóisialta Náisiúnta

Bhrath an grúpa go raibh fiúntas leis cuid de na táscairí reatha comhthéacsúla a ardú a airde le leibhéal na bhfospriocanna. Sainaithníodh táscairí ar nós an ráta bochtaineachta bia, bochtaineacht bhreosla agus an neamhábaltacht chun íoc as costais gan choinne mar tháscairí a dhéanann monatóireacht ar thoise riachtanach bhochtaineachta, nach dtugtar faoi deara faoi láthair ar leibhéal náisiúnta. Tacaíodh go tréan le táscairí nua tacaíochta a d’fhéadfadh dul i ngleic le bearnaí reatha san eolas faoi dhaoine nach féidir leo teacht ar sheirbhísí, go háirithe mar gheall gur dearbhphrionsabal tábhachtach é seo den chur chuige gníomhach cuimsithe. D’fhéadfaí fiosrú breise a dhéanamh ar a indéanta atá sé chun táscairí malartacha comhthéacsúla bochtaineachta a úsáid, ar nós iad siúd a d’fhorbairt tionscadail chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid seirbhíse i measc na ‘mbochtán

dofheicthe'. D'fhéadfaidís seo scóip a sholáthar chun breis forbartha a dhéanamh ar tháscairí comhthéacsúla bochtaineachta atá in ann bearnaí reatha faisnéise a líonadh i measc cohóirt ar leith.

D'fhéadfadh monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh leithdháiltíneamhúsáidte buiséid dá soláthraítear do ghrúpaí leochaileacha ar leith a bheith ina táscaire áisiúil comhthéacsúil chun faisnéis a sholáthar ar rochtain ar sheirbhísí. Luadh an leithdháileadh bliantúil buiséid a soláthraíodh do chóiríocht don Lucht Siúil mar shampla de tháscaire féideartha chun monatóireacht a dhéanamh ar rochtain ar sheirbhísí. Is gá breithniú breise a dhéanamh ar mhonatóireacht agus tuairisciú rialta ar thearc-chaitheamh ar sholáthairtí buiséid do ghrúpaí sonracha leochaileacha mar gheall go bhféadfadh seo saincheisteanna rochtana a thabhairt le fios. Anuas air sin, d'fhéadfadh seo feabhas a chur ar chuntasacht sealbhóirí buiséid i dtuairisciú a dhéanamh ar ghníomhartha faoina dtugtar chun tacú le cuimsiú sóisialta trí rochtain fheabhsaithe a sholáthar ar sheirbhísí.

## 4.2 Ceardlann 2: Margaí Cuimsitheacha Saothair – Bealaí chun Oibre 2020

Éascaitheoir: Eilís Ní Chaithnía, Comhairle Náisiúnta na mBan

### Bríd O'Brien, INOU

Sainaithnítear sé shnáithe sa cháipéis bheartais, *bealaí chun Oibre 2016–2020*:

- rannpháirtíocht bharrfheabhsaithe le daoine dífhostaithe in aois oibre (sainaithníodh 15 ghníomh);
- díriú na fostaíochta a mhéadú ar chláir agus deiseanna gníomhachtaithe (sainaithníodh 10 ngníomh);
- luach saothair a bhaint ón obair – glacadh le deiseanna a dhreasú (sainaithníodh 12 ghníomh);
- fostóirí a dhreasú chun poist agus deiseanna a thairiscint do dhaoine dífhostaithe (sainaithníodh 18 ngníomh);
- cumas eagraíochtúil a chruthú chun seirbhísí barrfheabhsaithe a sholáthar do dhaoine atá dífhostaithe (sainaithníodh 16 ghníomh); agus
- cur le scileanna an lucht saothair (sainaithníodh 15 ghníomh).

Tugadh buairt chun solais maidir le cé acu an leor nó nach leor na sé shnáithe seo. Go sonrach, tugadh faoi deara nach raibh an méid seo a leanas soiléir:

- conas a sholáthróidh siad margadh saothair cuimsitheach; nó
- conas a dhéanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí idirchaidreamh le daoine ar a gcuireann sí coinníollacht i bhfeidhm.

Díríonn *Bealaí chun Oibre* ar athrú ó 'gníomhachtú le linn cúlú eacnamaíochta' go dtí 'gníomhachtú do théarnamh'. Tá dhá phríomhchuspóir aige – chun leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn a

rinneadh go dtí seo agus é a chomhdhlúthú agus díriú i dtosach ar oibriú le dífhostaithe, go háirithe daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus cur chuige an mhargaidh shaothair a shíneadh chuig daoine eile a bhfuil ar a gcumas acu agus ar mian leo ról gníomhach a ghlacadh sa lucht saothair, cé nach rangaítear iad mar chuardaitheoirí poist dífhostaithe.

Tá mír amháin dar teideal, 'Scóip agus clúdach a fhairsingiú – cuimsiú gníomhach'. Luaitear sa mhír seo an méid seo a leanas maidir leis an mbeartas seo:

> *'áirítear leis gníomhartha sonracha chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus dul chun cinn fostaíocht daoine a mhéadú nach bhfuil gníomhach faoi láthair sa mhargadh saothair agus chun coincheap an chuimsithe ghníomhaigh a chur i bhfeidhm mar phrionsabal treorach – go háirithe i gcaitheamh na tréimhse ó 2018 go 2020.(Bealaí chun Oibre, lch 18)*

Cad ba cheart a bheith i gceist le 'cuimsiú gníomhach'? In 2008, ghlac an Coimisiún Eorpach le Moladh faoi chuimsiú gníomhach daoine is mó a dhéantar a eisiamh ón margadh saothair. Lorg an moladh seo chun straitéis chuimsitheach a chur chun cinn atá bunaithe arthrí phríomhghné: tacaíocht leordhóthanach ioncaim; margaí cuimsitheacha saothair; agus rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin.

Chuige sin, caithfidh seirbhísí fostaíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- bheith mar sheirbhís atá dírithe ar an duine do gach duine atá in aois oibre;
- bheith réamhghníomhach agus tacúil;
- soláthar faisnéise iomlán agus réamhghníomhach a chinntiú;

- solúbthacht sa chóras a chinntiú chun rannpháirtíocht a éascú;
- seirbhís tacaíochta maithe a sholáthar a dhíríonn go háirithe ar athoiliúint, soláthar cúram leanaí agus iompair inrochtana;
- soláthar comhtháite a chinntiú laistigh de agus i measc ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha ar an talamh;
- bealaí soiléire a shainaithint ó chláir ghníomhachtaithe atá sa mhargadh saothair níos fairsinge;
- bheith tiomanta do sheirbhís chuimsitheach agus seirbhís chuimsitheach a sholáthar lena shainaithint conas a chomhlíonfar ceanglais an identify conas the riachtanais Dhualgas na hEarnála Poiblí; agus
- na hacmhainní cearta a sholáthar chun a leithéid de sheirbhís a sholáthar.

Tugadh 'dualgas dearfach' isteach san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus agus ba cheart go mbeadh ról tábhachtach le glacadh aige chun dul i ngleic le hidirdhealú agus eisiamh ón margadh saothair. De réir Alt 42 (1) den Acht CÉCDC:

> *Beidh aird ag comhlacht poiblí, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, ar an ngá atá leis an méid seo a leanas a dhéanamh: idirdhealú a dhíothú, comhionannas deiseanna agus caitheamh lena fhoireann agus na daoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chur chun cinn; agus cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chosaint.*

### Kasey Treadwell Shine, an Roinn Coimirce Sóisialaí

Chaith an cur i láthair seo súil ar an bhfáth go mbaineann tábhacht le margaí saothair cuimsitheacha agus ar shainmhíniú a thabhairt ar


mhargadh saothair cuimsitheach. Ansin d’fhiosraigh sé an clár Bealaí chun Oibre (BcO) maidir lena ról i margaí saothair cuimsitheacha; freagairtí beartais; gníomhartha tacaíochta; agus forbairtí beartais agus cleachtais.

### An fáth go mbaineann tábhacht le Margaí Saothair Cuimsitheacha

Bealach amach ón mbochtaineacht is ea fostaíocht; cuireann ardfhostaíocht (dífhostaíocht íseal) le laghdú bochtaineachta. Cruthaíonn macraibheartais coinníollacha do bhorradh geilleagrach agus, ar an ábhar sin, chun dífhostaíocht ard a ghiniúint, agus bearta tábhachtacha ar a ndírítear ar bhonn aonair iad beartais agus cláir ghníomhachtaithe chun daoine a éascú ar ais isteach i bhfostaíocht. Cruthaíonn prionsabal an ‘chuimsithe ghníomhaigh’, agus na trí cholún de thacaíochtaí leordhóthanacha ioncaim, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin, ceangal idir gníomhachtú, fostaíocht agus laghdú bochtaineachta (agus cuimsiú sóisialta, níos leithne ná sin).

Leanann treochtaí bochtaineachta (agus díothachta, go háirithe) treochtaí dífhostaíochta, faoi mar a léirítear san fhíor thíos, ina léirítear conas a tháinig méadú ar an mbochtaineacht ghaolmhar agus inar tháinig méadú i bhfad ní ba ghéire ar dhíothacht bhunúsach ar an méadú a tháinig ar dhífhostaíocht idir 2008 agus 2013.

**Fíor 6: Leibhéil bhochtaineachta, 2004-2015**




## Cad é Margadh Saothair Cuimsitheach?

Tugtar an sainmhíniú seo a leanas i gcreat comhpháirtithe sóisialta an AE (AE1005011) ar mhargadh saothair cuimsitheach:

> *Margadh saothair a chuireann ar chumas agus a spreagann gach duine atá in aois oibre chun páirt a ghlacadh in obair íoctha agus a sholáthraíonn creat dá bhforbairt.*

D'fhéadfadh sé a bheith deacair an saghas seo de mhargadh saothair a bhaint amach. D'fhonn a chinntiú gur féidir bacainní a shainaithint agus a shárú, teastaíonn gníomh ón méid seo a leanas:

- oibrithe;
- fostóirí agus a n-ionadaithe; agus
- páirtithe leasmhara eile, údaráis phoiblí ina measc, ar gach leibhéal.

## Ról Bhealaí chun Oibre i Margaí Saothair Cuimsitheacha

Cruthaíonn macraibheartais agus straitéisí Rialtais comhcheangailte na coinníollacha le haghaidh margaí cuimsitheacha saothair. Glacann

Bealaí chun Oibre ról ansin chun tacú le margaí cuimsitheacha saothair, trí dhíriú ar fhostaíocht ardchaighdeáin agus inbhuanaithe a aimsiú do dhaoine fásta dífhostaithe nó atá in aois oibre atá neamhghníomhach faoi láthair ar mian leo oibriú.

### Cuspóirí Bhealaí chun Oibre

Dhírigh straitéisí Bhealaí chun Oibre ina dhiaidh sin, i dtosach báire, ar dhaoine atá dífhostaithe le déanaí (2012); daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (2015) agus daoine óga atá dífhostaithe (trí Phlean um Chur i bhFeidhm na Ráthaíochta don Aos Óg, 2014). Leanann Bealaí chun Oibre 2016-2020 ag díriú ar na grúpaí seo. Anuas air sin, agus go háirithe sa dara leath den tréimhse, déantar breithniú ann ar ghníomhartha, chomh maith, chun daoine fásta atá in aois oibre atá neamhghníomhach faoi láthair, agus a bhfuil ar a gcumas agus ar mian leo oibriú, a éascú isteach i bhfostaíocht.

### Gníomhartha Tacaíochta Bhealaí chun Oibre

Áirítear le Bealaí chun Oibre, mar straitéis Rialtais, gníomhartha breise chun tacú le spriocghrúpaí chun filleadh ar fhostaíocht a éascú:

- chun fostóirí a spreagadh chun daoine a fhostú ó spriocghrúpaíBcO;
- dul i ngleic le saincheisteanna dídhreasachtaí airgeadais, coinníollacha fostaíochta agus obair ísealíoctha;
- rochtain a éascú ar phríomhsheirbhísí (faoi mar a léirítear i gcuspóirí náisiúnta straitéise eile);
- comhordú agus prótacail áitiúla a éascú;
- athchóirithe a chomhdhlúthú, acmhainní idirinstitiúideacha a fhorbairt, agus an bonn fianaise a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil cláir agus próisis ghníomhachtaithe éifeachtach; agus
- a chinntiú go mbaineann bearta oideachais, oiliúna agus uasoiliúna leis an margadh saothair

### Forbairtí Beartais agus Cleachtais

In 2016, as na 86 gníomh a liostaíodh ar BcO 2016–2020, tugadh 42% díobh chun críche nó tugadh chun críche iad agus bhí siad ar bun go fóill in 2016. Áiríodh leo seo: cur chun cinn sheirbhísí Intreo do rannpháirtithe deonacha agus iad siúd faoi mhíchumas; fóraim réigiúnacha scileanna a bhunú; prótacail a bhunú idir an Roinn Coimirce Sóisialaí agus soláthraithe seirbhísí fostaíochta eile; agus printíseachtaí nua a bhunú.

## Plé

### Dul i gcomhairle le hÚsáideoirí Seirbhíse

Leagadh an bhéim ar an tábhacht a bhaineann le próiseas comhairliúcháin a leanúint le húsáideoirí seirbhíse, anuas ar chur chuige atá dírithe ar dhaoine, chun cinneadh a dhéanamh faoi cheisteanna ar nós leibhéal na tacaíochta inoibre a theastaíonn ó dhaoine, agus conas ba cheart é a sholáthar. Mar shampla, tugadh faoi deara go dtarlaíonn go bhfágtar an Lucht Siúil agus daoine a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu ‘ar lár’; ba cheart go gcuirfí oiliúint ar an bhfoireann chun tacaíocht a chur ar fáil chun foirm a chomhlánú, más gá.

Labhair roinnt rannpháirtithe ar fhadhb i ndáil le hatreoruitheJobPath – go bhfuil dícheangal idir an beartas láir agus an méid atá ag titim amach go háitiúil. Mhaígh rannpháirtí amháin gur cuireadh iallach air freastal ar chúrsa a raibh na cáilíochtaí bainte amach aige lena mhúineadh, fad a bhí tráchtas á chríochnú aige. Dar leis, bhí na cúrsaí siúd cosúil le ‘pionós’ dóibh siúd nach bhfuil obair á cuardach acu, seachas a bheith á n-úsáid mar bhealach chun scileanna a mhéadú agus cabhrú le daoine filleadh ar an obair. Tugadh faoi deara ó pheirspictíocht acmhainní, go dtéann sé chun leasa an Stáit idirchaidreamh a dhéanamh le húsáideoirí seirbhíse ar bhealach bríoch, lena chinntiú go soláthraíonn Bealaí chun Oibre tacaíocht ábhartha atá dírithe ar an duine chun an t-ionad oibre a

athiontráil. Ba cheart, ar an ábhar sin, go mbeadh glór ag an duine aonair chun na tacaíochtaí oiliúna a shainaithint is mó a oireann dá gcás. (Mar fhreagairt ar an bpointe seo, tugadh faoi deara go bhfuil oiliúint ar bhainistíocht cáis do chásoifigigh ar bun go leanúnach i seirbhísí fostaíochta ar fud na tíre.)

### Oibriú Idirghníomhaireachta

Rinne rannpháirtithe trácht ar luach an chomhordaithe ionrannaigh agus idir-rannaigh laistigh de ranna, le gníomhaireachtaí agus i measc ranna. Chruthódh an cur chuige seo eispéireas ní b'fhearr d'úsáideoirí seirbhíse agus laghdódh sé an dóchúlacht go n-atreorófaí daoine chuig cúrsaí míchuí (féach thuas). Ina theannta sin, rachadh sé i ngleic leis an bhfadhb ina gcuirtear daoine ar aghaidh chun tabhairt faoi chúrsa go gairid sula bhfuil siad in ainm is tabhairt faoi phost nua. Thug rannpháirtí amháin faoi deara gur inis an Roinn Coimirce Sóisialaí do dhuine dá gcliaint gur cheart dóibh stop a chur le ham a chur amú ar chúrsaí. Teastaíonn prótacail a bheith ann maidir le rannpháirtíocht fostóirí agus idirghníomhú níos mó le seirbhísí fostaíochta áitiúla lena sheachaint teachtaireachtaí a thagann salach ar a chéile agus úsáid mhíchuí a bhaint as cúrsaí.

### Deireadh a chur le Príobháidiú Seirbhísí Coimirce Sóisialaí

Chomhaontaigh rannpháirtithe sa cheardlann seo gur cheart deireadh a chur le coimisiúnú agus príobháidiú sheirbhísí na Roinne Coimirce Sóisialaí, ar nós JobPath. Braitheadh gur cheart go soláthródh gníomhaireachtaí poiblí na seirbhísí go léir siúd. Níor cheart go ndéanfadh an chéad bheartas eile de chuid Bhealaí chun Oibre seirbhísí ar nós Job Path a chur chun tairisceana do chomhlachtaí príobháideacha, agus ba cheart dó díriú ar infheistíocht éifeachtach a dhéanamh in acmhainní.

## Dualgas nahEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm

Ba cheart go mbeadh leibhéil uachtaracha an rialtais tiomanta do Dhualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014). In ionad freagairt ar fhadhbanna a thagann chun solais, bealach a bheadh ann seo chun cur in aghaidh idirdhealú – súil ghníomhach a bheith leis, seachas freagairt ar shaincheist reatha. Luaigh rannpháirtí amháin clár áitiúil, i gContae an Longfoirt, chun oiliúint a chur ar chomhlachtaí earnála poiblí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí. Tagann deacracht aníos chun ceannach isteach a bhaint amach ó chomhlachtaí a chistítear go poiblí. Caithfidh an tiomantas seo a bheith le sonrú ón uachtar, d’fhonn a chinntiú go nglacann daoine ar leibhéal áitiúil páirt. Caithfear Dualgas nahEarnála Poiblí a chur chun cinn ón leibhéal fíor-uachtarach.

## Poiblí i dtaobh na Roinne for Coimirce Sóisialaí

Maidir leis an bpointe seo, thug rannpháirtithe díobháil bhraite le fios a rinne an feachtas a cuireadh ar bun le déanaí maidir le calaois leasa shóisialaigh do dhearcadh poiblí i dtaobh na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tugadh faoi deara gur féidir le himeachtaí ar nós seo tionchar diúltach a imirt ar iontaoibh dhaoine as an Roinn. Bhí ceangal idir seo agus an pointe a tugadh chun solais ní ba luaithe a bhaineann leis an ngá atá le feabhas a chur ar idirghníomhú idir foireann oifig Intreo agus cliaint. Caithfear daoine a chumasú sula lorgaíonn siad tacaíocht agus glacann dearcadh poiblí i leith na Roinne ról tábhachtach ina thaobh seo. Is féidir iontaoibh a chailleadh, chomh maith, nuair a bhíonn próiseas atreoraithe dúshlánach roimh úsáideoirí seirbhíse, agus luadh gurb ionann seo agus duine a bheith sáite i ‘líon damháin alla’.

## 4.3 Ceardlann 3:Rochtain ar Sheirbhísí Ardchaighdeáin

Éascaitheoir: Martin Collins, Pavee Point

### Helen Johnston, NESC

Ciallaíon cuimsiú gníomhach ioncam leordhóthanach íosta, margaí saothair cuimsitheacha agus rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin. As na 14 sprioc i measc ceithre théama a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú nuashonraithe, téitear i ngleic in 10 gcinn le rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin. Baineann na 10 sprioc seo le daoine i measc na saolré (leanaí, daoine in oibre aois agus daoine breacaosta), anuas ar phobail.


**Tábla 2: Spriocanna an NAPSI de réir catagóire**

| Grúpa | Spriocanna |
|---|---|
| Leanaí | Cúram agus oideachas na luath-óige<br>Litearthacht agus uimhearthacht<br>Rannpháirtíocht in oideachas |
| Daoine in aois oibre | Gníomhachtú an mhargaidh shaothair<br>Fostaíocht óige<br>Daoine faoi mhíchumas a fhostú |
| Daoine breacaosta | Cúram pobail |
| Pobail | Tithíocht shóisialta<br>Cúram sláinte príomhúil<br>Imeascadh imirceach |

Leagtar an bhéim, chomh maith, sa cháipéis *An Stát Leasa Shóisialaigh Forbartha* (‘The Developmental Welfare State’) de chuid na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, a foilsíodh in 2005, ar thábhacht seirbhísí agus, nuálaíocht shóisialta, mar ábhar criticiúil.

**Tábla 3: An Stát Leasa Shóisialaigh Forbartha, 2005**

| **Gnéchlár** | **Sonraí** |
|---|---|
| Seirbhísí | Oideachas, sláinte, cúram leanaí, cúram daoine scothaosta, tithíocht, iompair, seirbhísí fostaíochta. |
| Tacaíochtaí ioncaim | Tacaíochtaí ioncaim céimnitheacha linbh, aistrithe do rannpháirtíocht, ráthaíocht íosta phinsin, caiteachas caidhpeáilte cánach. |
| Nuálaíocht shóisialta | Cur chuige úrnua, tionscadail phobail, riachtanais nua, dírithe ar thorthaí, meastóireacht agus príomhshruthú. |




In 2014, d’fhoilsigh an NESC a staidéar, *Teaghlaigh gan Phost: na Saincheisteanna a Fhiosrú.*Sa staidéar seo, beartaíodh go scrúdódh an NESC ról seirbhísí chun freastal ar riachtanais teaghlach gan phost. Lean tionscadal taighde é seo ina ndearnadh staidéar domhain cáilíochtúil i mbruachbhaile faoi mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath ar conas a bhí na gníomhaireachtaí éagsúla agus na heagraíochtaí ábhartha ag freagairt ar riachtanais teaghlach gan phost. I measc na bpríomh-shaincheisteanna a tháinig chun solais, bhí an méid seo a leanas:

- ag aistriú ó leas go hobair;
- poist;
- seirbhísí tacúla; agus
- ceangail institiúide.

I measc na samplaí de sheirbhísí tacúla, tá litearthacht, teanga, gairmthreoir, cúrsaí oideachais agus oiliúna, printíseachtaí, cúram leanaí, sláinte, iompar, seirbhísí pobail agus TF.

Tugann na torthaí seo tosca tábhachtacha chun solais ar cheart breithniú a dhéanamh orthu nuair a bheidh Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú nua á fhorbairt.

- Is gá béim a leagan, arís eile, ar an tábhacht a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin, lena mbuntacaíonn cearta agus caighdeáin.
- Cad a bheadh i gceist le 'seirbhísí saincheaptha' a sholáthar? Mar shampla, an mbeadh scéim inacmhainne cúram leanaí, nó íocaíocht cúnaimh tithíochta i gceist leis?
- Cá agus conas a bhainfí ceangail institiúide amach?
    - Ar leibhéal Roinne (ar nós an tionscnaimh Éire Shláintiúil)?
    - Ar leibhéal údaráis áitiúil (ar nós anCFPÁ, an CSLDÓ)?
    - Ar leibhéal pobail (ar nós RAPID)?

Sa chomhéadan idir leibhéil náisiúnta agus leibhéil áitiúla, teastaíonn cothromaíocht idir féinriail agus cuntasacht. Caithfidh gurb ann do bhealach chun foghlaim a ghabháil mar shampla, maidir le tionscnaimh a n-éiríonn leo.

### John-Mark McCafferty, Threshold

Dhírigh an cur i láthair seo ar thithíocht ar cíos in Éirinn. Ó 2014 ar aghaidh, sholáthair an carthanas náisiúnta tithíochta, Threshold, líne chabhrach gutháin saor in aisce do theaghlaigh agus daoine aonair atá i mbaol easpa dídine. D'oibrigh sé, chomh maith, chun cabhrú le réimse fairsing cíosaithe chun idirchaidreamh a dhéanamh lena dtiarna talún chun cabhrú lena dtithe a fháil.

Gné thábhachtach den tseirbhís, i gceantair áirithe, is ea idirghabháil a dhéanamh i gcásanna ina mbíonn baol roimh theaghlaigh a bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu a dtithe a chailleadh. Mar chuid de *Éire a Atógáil - Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine*, seirbhís náisiúnta atá sa tSeirbhís um Chosaint Tionóntachtaí anois, agus sheol an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, an feachtas um fheasacht phoiblí an 23 Bealtaine.

Tá cúig cholún in *Éire a Atógáil*: 'dul i ngleic le heaspa dídine', 'tithíocht shóisialta a bhrostú', 'níos mó tithe a thógáil', 'feabhas a chur ar an earnáil chíosa' agus 'tithíocht reatha a úsáid'. Braitheann cé acu an gcuirfear nó nach gcuirfear an colún maidir le feabhas a chur ar an earnáil chíosa go rathúil ar chur i bhfeidhm na gceithre cholún, go háirithe colún uimhir a dó – 'tithíocht shóisialta a bhrostú'.

Tacaíonn fóirdheontais an Stáit leis an tríú cuid den mhargadh cíosa; bíonn an Stát ag plé le hidirghabháil a dhéanamh sa mhargadh cíosa in Éirinn. Tá an cúigiú cuid den daonra ag cónaí anois i dtithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach.
Dhá fhorbairt dhearfacha i dtaca leis an margadh cíosa iad na bearta um cinnteacht chíosa a tugadh isteach le déanaí agus leasú Bhaile an Tirialaigh, reachtaíocht a bhfuil de chuspóir aici tionóntaí a chosaint ó dhíshealbhú nuair a dhíoltar úinéireacht forbairtí meánmhéide agus mórscála ar an mórchóir.
Is ann go fóill do bhearnaí i mbeartas agus do shaincheisteanna buartha, áfach.

- Níor cuireadh an scéim um chosaint éarlaise i bhfeidhm go fóill.
- Ní chuimsítear sa phlean gníomhaíochta aon choinníoll i ndáil le leibhéil íosta d'éifeachtúlacht theirmeach nach féidir tithíocht chíosa a ligean faoina mbun.

- Tháinig géarmhéadú ar fhógraí neamhbhailí d'fhoirceannadh tionóntachta.
- Bíonn tionóntaí sáinnithe idir a dtiarna talún agus an glacadóir i gcás athshealbhú/glacadóireacht réadmhaoine.
- Teastaíonn beartais chun tacú le tionóntachtaí fadtéarmacha.
- Teastaíonn feachtas um fheasacht phoiblí chun na Criosanna Brú Cíosa agus bearta um chosc ar easpa dídine, ar nós na Seirbhíse um Chosaint Tionóntachtaí.
- Ní sholáthraítear san Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) aon daingneacht tionachta agus tá deacrachtaí airgeadais do theaghlaigh ag eascairt as ualaí riaracháin. Bíonn impleachtaí ag 'breisiú' ag an tionónta don chuid eile de bhuiséad an teaghlaigh. Tá daoine á mbaint ag roinnt údaráis áitiúla, a iontrálann tionóntacht ÍCT, ón liosta tithíochta sóisialta.

Beidh tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach ann feasta; caithfear stop a chur le caitheamh leis mar 'purgadóir'. Caithfear níos mó a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcás do thionóntaí, faoi mar a leagtar amach thuas, agus earnáil inmharthana a chinntiú do thiarnaí talún.

Baineann páirt lárnach ag tithíocht shóisialta a thógáil agus a fháil chun an ghéarchéim thithíochta a réiteach. Ní féidir ach le líon beag Comhlachtaí Faofa Tithíochta (CFTanna)/Comhlachais Tithíochta soláthar a dhéanamh ar an scála seo, áfach. Is gá tithíocht shóisialta a sholáthar go mear agus ar scála, soláthar díreach tithíochta sóisialta ag údaráis áitiúla nó gníomhaireachtaí reachtúla eile ina measc.

## Plé

### Cóiríocht

Dhírigh go leor den phlé ar an ngéarchéim thithíochta. Chomhaontaigh rannpháirtithe gur gá tithíocht shóisialta a sholáthar de réir phointe an láithreora – ar scála agus ar luas. Tá ról tábhachtach le comhlíonadh ag údaráis áitiúla chun tithíocht shóisialta a thógáil; sa chomhthéacs seo, chuirfí fáilte roimh rannpháirtíocht bhreise i measc údaráis áitiúla ag imeachtaí ar nós an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta. Tugadh le tuiscint gur chuir roinnt údaráis áitiúla stop le tithíocht shóisialta a thógáil mar gheall ar Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

Bhrath rannpháirtí amháin gur cheart don Rialtas an CBL atá le híoc ar ábhair thógála a bhaint agus, i gcás daoine óga ar mian leo a dtithe féin a cheannach, ba cheart go gcuirfeadh institiúidí baincéireachta cuntas teiste daoine aonair a íocann cíos san áireamh. Ina theannta sin, tá ar an Rialtas déileáil le saincheisteanna i dtithíocht ar cíos san earnáil chóiríochta príobháidí mar cheist phráinneach. In ainneoin beart a thug an Rialtas isteach le déanaí, tá cíosanna ró-ard, is minic go dtéann cíos in airde agus is minic go mbíonn ar thionóntaí íocaíochtaí 'breisithe' a dhéanamh le tiarnaí talún. (I ndáil le cearta reatha tionónta, moladh gur gá níos mó a dhéanamh i dtaobh feasacht a mhúscailt i measc tionóntaí ar a gcearta.)

Cuireadh an cheist maidir le cé acu an bhféadfadh ról a bheith ann don earnáil tithíochta deonaí agus comharthithíochta sa scéim morgáiste go cíos nó sa chineál sin de shamhail.

Tugadh faoi deara gur gá díriú níos mó ar ghrúpaí ar leith.

- Tá an Lucht Siúil ag maireachtáil go fóill faoi fhíor-dhrochdhálaí gan teacht acu ar sheirbhísí bunúsacha, ar nós leictreachais agus uisce reatha.
- Laistigh de sholáthar tithíochta sóisialta, is gá díriú ar riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas.
- Tá córas briste tithíochta i gceartlár na géarchéime tithíochta atá ag dul in olcas ar an ráta atá le sonrú faoi láthair in Éirinn.
- Ní cheadaítear do dhaoine óga chun dul ar liostaí feithimh tithíochta; tá cásanna ag teacht chun solais, i gcomhthéacs na géarchéime tithíochta reatha, ina bhfuil dhá nó fiú trí ghlúin den teaghlach céanna ag cónaí sa teach céanna. Féadfaidh seo brú a chur ar chaidreamh teaghlaigh.

## Grúpaí a bhfuil Bacainní Breise rompu chun teacht ar Sheirbhísí Ardchaighdeáin

I gcás daoine atá bodhar, cuireann an chumarsáid bacainn mhór roimh gach seirbhís, ar nós cúram sláinte agus tithíochta. Níl sé ina acmhainn ná praiticiúil a bheith ag súil leis go soláthróidh duine bodhar a n-ateangaire féin chun teacht ar gach seirbhís a d'fhéadfadh bheith ag teastáil uathu.

Tá rochtain ag daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe ar bhonneagar iompair teoranta, agus cruthaíonn seo deacrachtaí do dhaoine chun teacht ar sheirbhísí. Bíonn saincheisteanna le sárú ag pobail oileáin, ach go háirithe, mar thoradh go bhfuil níos lú seirbhísí, go ginearálta, ar nós oideachais agus tithíochta. Sa chomhthéacs seo, tugadh faoi deara cé go mbaineann buntábhacht le straitéisí agus creataí náisiúnta, caithfear a áireamh leis na freagairtí cumas a fhorbairt chun seirbhísí saincheaptha a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais agus cúinsí daoine ar leibhéal

áitiúil. Maidir le pointe gaolmhar, tugadh chun solais obair thábhachtach eagraíochtaí pobail, i dtaobh acmhainní a fhorbairt agus réamhfhorbartha. D'imir ciorrú ar an earnáil pobail tionchar diúltach ar sheirbhísí agus tacaíochtaí araon do dhaoine ar an talamh. Tá go leor pobal ag brath díchumasaithe mar gheall ar na próisis chomhtháthaithe agus ailínithe ar leibhéal áitiúil.

### Caitheamh le Daoine le Dínit

Ba cheart go gcaithfí le dínit le daoine, ar an gcéad dul síos, nuair a dhéantar aon idirchaidreamh le seirbhísí poiblí, fiú más dealraitheach nach bhfuil tú i dteideal seirbhís ar leith a fháil. I gcomhthéacs an phointe seo, luadh an scéim um fheasacht phoiblí 'Déanann Caimiléirí Leasa Caimiléireacht Orainn Go Léir ('Welfare Cheats Cheat Us All') a bhí á reáchtáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ba é comhdhearcadhna coitiantachta nár cheart go mbeadh daoine agus pobail atá leochaileach agus fágtha ar lár ag brath go bhfuil drochdhaoine á ndéanamh díobh.

### Leibhéal Beartais

Rinneadh roinnt pointí i ndáil le forbairt beartais.

Beartas Promhaidh**:** Is léir go dteastaíonn promhadh a dhéanamh ar cháipéisí beartais ar gach leibhéal, ó pheirspictíocht um chearta daonna agus comhionannas agus ó pheirspictíocht bochtaineachta araon.

Dualgas nahEarnála Poiblí**:** Caithfidh Aon straitéis nua a bheith curtha ar an eolas ag Dualgas na hEarnála Poiblí a ghearrann dualgas dearfach ar chomhlachtaí earnála poiblí chun aird a thabhairt ar an ngá atá le hidirdhealú a dhíothú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint. Ba cheart go mbainfeadh an cód seo le comhlachtaí earnála príobháidí atá fostaithe ag an Stát chun seirbhísí a sholáthar thar a cheann.

Bochtaineacht Leanaí a Laghdú: Ó pheirspictíocht Barnardos, d'fhonn tionchar bríoch a imirt ar bhochtaineacht leanaí, tugtar tús áite i limistéir an oideachais, na sláinte, an chúraim leanaí agus na tacaíochta teaghlaigh. Tá cur chuige trasrialtais i bhfeidhm tríd an gCreat 'Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile' (BOBF), cé go ndéanann roinnt ranna níos mó daoine a fhostú ná mar a fhostaíonn cinn eile.

Beartas Reatha um Chur i bhFeidhm: Tá gá le freagairt chomhtháiteiltoiseachthrasrannachchunan méid atá ann cheana féin i dtaobh beartas a chur i bhfeidhm. Ina thaobh seo, tá gá le cistiú inbhuanaithe - cuireadh deireadh le roinnt tionscnaimh shár-mhaithe áitiúla mar gheall ar chistiú ar a raibh teorainn ama, e.g. Tionscnamh Óige Ceantarbhunaithe.

Príobháidiú Seirbhísí**:** Táthar buartha go bhfuil príobháidiú á dhéanamh ar sheirbhísí um chuimsiú sóisialta.

## 4.4 Ceardlann 4: Ioncam Íosta Leordhóthanach

Éascaitheoir: Camille Loftus, sainchomhairleoir socheacnamaíoch

Bernadette MacMahon, an Chomhpháirtíocht Uinseannach um Cheartas Sóisialta

Caighdeán maireachtála íosta bunriachtanach

Foireann an tionscadail: An Dr Bernadette MacMahon DC (stiúrthóir), Robert Thornton (comhlach taighde) agus Noreen Moloney (taighdeoir).

*'Nach dtaispeánfaidh duine ar bith don lucht ceaptha beartais agus na gcinnteoirí a olc atá sé gan ach leas sóisialach nó pá íosta a bheith á fháil agat?'*

*'Nach dtaispeánfaidh duine ar bith dóibh an méid a theastaíonn ó dhaoine chun caighdeán maireachtála bunúsach fónta agus maorga a bheith acu?'*

Tá ioncam íosta bunaithe ar an gcostas a bhíonn ar **chaighdeán maireachtála íosta bunriachtanach (CMÍB)**. Tháinig obair Chomhpháirtíochtaí Uinseannacha um Cheartas Sóisialta (CUCSanna) sa limistéar seo aníos den chéad uair i staidéar a rinneadh i 1999, *Streachailt Fhada Amháin* ('One Long Struggle'), ina raibh dhá théama a tháinig aníos arís eile:

- Bítear thíos leis an mbochtaineacht mar dhíothacht ábhartha agus shóisialta araon; tá easpa feasachta ar an tábhacht a bhaineann le cuimsiú sóisialta.
- Glactar le cur chuige ad hoc i leith rátaí le haghaidh íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus pá íosta náisiúnta, a bhraitheann ar thosca staitistiúla agus polaitiúla. Ní dhealraitheach gurb ann d' aon fheasacht ar an ngá atá le meastóireacht a dhéanamh ar

chumhacht cheannaigh, nó ar an ngá atá le beartas fianaisebhunaithe.

Ar an mbonn seo, shainaithin anCUCS gá chun cur chuige nua a fhiosrúchun an tionchar a thuiscint agus a chur in iúl a imríonn ioncam leordhóthanachar shaol laethúil daoine, a bhfuil go leor díobh thíos leis an mbochtaineacht.

## Caighdeán Maireachtála Íosta Bunriachtanach

Freastalaíonn caighdeán maireachtála íosta bunriachtanach ar riachtanais fhisiciúla, shíceolaíocha agus shóisialta duine aonair nó teaghlaigh ar leibhéal íosta ach nár cheart glacadh leis. Caighdeán atá ann atá bunaithe ar riachtanais, seachas gátar. Caighdeán é nár cheart go mbeifí ag súil leis go mairfeadh duine ar bith faoina bhun.

## Caiteachas Íosta

Is ionann caiteachas íosta agus an caiteachas a theastaíonn chun íoc as costas na n-earraí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí a cheadaíonn do dhuine caighdeán maireachtála íosta bunriachtanach a bheith acu. Sainmhínítear i mbearta mionsonraithe earraí agus seirbhísí (ina bhfuil os cionn 2,000 earra) na riachtanais íosta a theastaíonn ó theaghlaigh chun maireachtáil ar leibhéal atá inghlactha go sóisialta.

Tá 16 limistéar buiséid ann, faoi mar a chuirtear i láthair thíos.




Úsáideadh modheolaíocht chomhthoiliúil caighdeáin bhuiséid chun na hearraí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí a dheimhniú a theastaíonn chun caighdeán maireachtála íosta bunriachtanach a bhaint amach. B'éard a bhain leis seo ná obair fhorleathan agus mhionsonraithe le grúpaí fócais agus ionchur saineolaithe (mar shampla, saineolas faoi chothú agus fuinneamh teaghlaigh). Baineadh comhdhearcadhidirbheartaithe amach faoi cad a cheapann daoine atá bunriachtanachchun caighdeán maireachtála inghlactha íosta a bhaint amach.

## Ioncam Íosta

Is ionann ioncam íosta agus é sin a theastaíonn chun íoc as caiteachas. Ciallaíonn ioncam faoi bhun na tairsí caiteachais nach mór do dhaoine aonair agus teaghlaigh gan na hearraí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí a nglactar leo mar norm íosta chun páirt a ghlacadh i Sochaí na hÉireann a bheith acu.

## Caighdeán Ioncaim Íosta

Is ionann caighdeán ioncaim íosta agus an t-ollioncam a theastaíonn ó theaghlach chun íoc as caighdeán maireachtála íosta. Cuirtear san áireamh ann dliteanas féideartha cánach agus teidlíochtaí leasa shóisialaigh an teaghlaigh atá i gceist. Próiseas atrialach is ea caighdeán ioncaim íosta a shainaithint ina ndéantar measúnú ar leordhóthanacht glanioncam teaghlaigh ar bhunús méaduithe incriminteacha ar olltuarastal.

Tá difríocht mhéadaitheach idir an bhochtaineacht a thomhas agus an meánioncam indiúscartha 60% á úsáid agus costas CMÍB. Ní féidir le roinnt daoine a mbaineann a n-ioncam an leibhéal 60% íoc as CMÍB go fóill. Léirítear sa tábla thíos costais CMÍB (in 2016) le haghaidh teaghlaigh ina bhfuil beirt tuismitheoirí agus beirt leanaí (3 agus 6 bliana d’aois). Cuirtear i láthair sa tábla seo a leanas ioncam leasa shóisialaigh don saghas céanna teaghlaigh, agus léirítear go bhfuil an t-ioncam leasa shóisialaigh don teaghlach sin neamhleor, nuair a chuirtear i gcomparáid é leis na costais CMÍB, agus gurb ann d’easnamh €33.41.

**Tábla 4: Costais agus ráta seachtainiúil CMÍB, 2016**

| Costais CMÍB 2016* | Ráta sa tSeachtain (€) |
|---|---|
| Bia | 121.20 |
| Éadaí | 23.26 |
| Cúram Pearsanta | 17.90 |
| Sláinte | 1.32 |
| Earraí Tí | 19.70 |
| Seirbhísí Tí | 9.53 |
| Cumarsáid | 13.99 |
| Cuimsiú Sóisialta | 71.11 |
| Oideachas | 8.08 |
| Iompar | 60.00 |
| Tithíocht | 44.26 |
| Fuinneamh Tí | 43.55 |
| Costais Phearsanta | 3.48 |
| Árachas | 2.58 |
| Coigilteas agus Teagmhais | 32.40 |
| Iomlán | 472.35 |

*Rinneadh croíchostais CMÍB a cheartú chun sochair thánaisteacha (e.g. Cárta Leighis) agus an cás fostaíochta a chur san áireamh.

**Tábla 5: Cásanna ioncam leasa shóisialaigh, 2016**

| Cás Ioncam Leasa Shóisialaigh | Ráta sa tSeachtain 2016 (€) |
|---|---|
| CMÍB Tí Choigeartaithe * | 472.35 |
| **Bun-Leas Sóisialach** | |
| Duine Fásta 1 (Sochar/Liúntas Cuardaitheora Poist) | 188.00 |
| Duine Fásta 2 (Duine Fásta Cáilithe) | 124.80 |
| Méadú do Leanbh Cáilithe | 59.60 |
| Bun-Leas Sóisialach Iomlán | 372.40 |
| **Leas Sóisialach Tánaisteach** | |
| Sochar Linbh | 64.62 |
| LÉCSN | 1.92 |
| Cárta Leighis | Iomlán |
| Ioncam Tí | 438.94 |
| Leordhóthanacht Ioncaim | Neamhleor |
| (Ioncam Tí – Caiteachas CMÍB) | -33.41 |

*Rinneadh croíchostais CMÍB a cheartú chun sochair thánaisteacha (e.g. Cárta Leighis) agus an cás fostaíochta a chur san áireamh.

Bunaíodh an tIonad Taighde ar Chaighdeáin Bhuiséid Íosta Bhunriachtanacha in 2016. Is é an ról atá aige:

- comhdhlúthú an taighde agus sonraí CMÍB a chinntiú laistigh d'aitheantas atá infheicthe go soiléir;
- barr feabhais a chur ar chumas CUCSanna chun dul i ngleic le croí-shaincheisteanna taighde agus forbartha beartais a thagann chun solais ó aithint agus úsáid níos fairsinge a bhaint as sonraí CMÍB ag grúpaí ar fud na hÉireann agus ar leibhéal an AE; agus
- an cumas a mhéadú chun cur le díospóireachtaí agus iarrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon chun caighdeáin mhaireachtála inghlactha a chur chun cinn do gach saoránach.

## Ioncam Íosta Leordhóthanach: Roinnt Breathnóireachta

An Dr Micheál Collins, Scoil Bheartais Shóisialta, Oibre Sóisialta agus Ceartais Shóisialta UCD

### Cad is Ioncam Íosta Leordhóthanach ann?

Tagann an cheist chun solais, nuair a dhéantar sainmhíniú ar ioncam íosta leordhóthanach, faoin méid ar cheart d'ioncam íosta a chumhdach. Ar cheart dó dul i ngleic le cothabháil, folláine áirithe agus rannpháirtíocht shochaíoch? Baineann cuspóirí éagsúla freagraí éagsúla amach, mar sin, b'fhéidir gurb é an chéad chéim chun comhaontú a dhéanamh ar chuspóir. I gcás duine aonair singil in 2017, is ionann sochar dífhostaíochta agus €193 sa tseachtain, nó €10,070 gach bliain. Sa bhliain chéanna, b'ionann an líne bhochtaineachta agus €235.73, nó €12,300 gach bliain (Ceartas Sóisialta Éireann, Athbhreithniú Socheacnamaíoch 2017). B'ionann an caighdeán ioncaim íosta in 2016, dar le hioncam íosta CUCSanna do cheantar uirbeach, agus €442.71 sa tseachtain nó €23,100 gach bliain (móide costais mheasta tithíochta príobháidí).

### Staid na gcúrsaí inniu

Tagann formhór de bhaill den tsochaí faoi chuimsiú na dtrí thagarmharc go léir seo. Ach, tá go leor daoine faoin mbun. De réir shonraí ó SIDM an POS 2015, tá thart ar 9.1% den daonra faoi bhun an mheánioncaim 50% (430,000 duine), agus tá 16.9% den faoi bhun an mheánioncaim 60% (800,000 duine). Tugann sonraí don bhliain 2014 le fios go raibh leas sóisialach de shaghas éigin á fháil ag 2.8 milliún duine in Éirinn – is ionann sin agus 61% den daonra ginearálta.

### Ollioncam nó Ioncam Indiúscartha?

Ceist thábhachtach í seo; baineann tábhacht leis nuair a dhéantar ár bhfreagraí a chur i gcomhthéacs i dtaobh ioncam íosta leordhóthanach. Is éard a bhaineann le hioncam íosta leordhóthanach ná an caiteachas a theastaíonn chun caighdeán maireachtála áirithe a bhaint amach. Baineann sé le hioncam indiúscartha, agus an méid airgid a bhíonn ag daoine chun maireachtáil sa tseachtain. Ciallaíonn sin gurb ioncam é i ndiaidh go gcuirtear cánacha éagsúla ioncaim, fáltais leasa agus soláthairtí seirbhíse poiblí san áireamh.

### Bealaí i dtreo Ioncam Íosta Leordhóthanach:

Nuair a bhítear ag iarraidh bealaí a aimsiú i dtreo ioncam íosta leordhóthanach, ar cheart dúinn na seifteanna idirnasctha éagsúla beartais atá ar fáil a thabhairt ar aird? Athraíonn go leor rudaí costais mhaireachtála, agus, ar an ábhar sin, an t-ioncam a theastaíonn chun íoc astu. I measc na samplaí, tá an méid seo a leanas:

- rátaí pá (ísealphá);
- rátaí leasa (teidlíochtaí agus éilimh, leibhéil);
- struchtúir cháin ioncaim (idir ioncam flaithiúil agus ísealioncam);
- struchtúir ranníocaíochta árachais shóisialaigh (idir pá flaithiúil agus ísealphá);
- leibhéil phraghais d’earraí agus seirbhísí (ar nós bia agus oideachais); agus
- Soláthar seirbhísí poiblí (ar nós tithíochta, sláinte agus iompair).

## Plé

### Ioncam atá Leordhóthanach Páirt a Ghlacadh satSochaí

Rinneadh plé ar na dúshláin a bhaineann le hioncam bunúsach a shainiú – go háirithe i dtaobh conas a chinntiú go gcuimsíonn sé úsáid seirbhísí agus go n-íocann sé as cánachas. Rinne rannpháirtí amháin cur síos ar

choincheap ioncaim bhunúsaigh do chách, agus bhain sé spéis amach go hidirnáisiúnta. Leag rannpháirtí eile an bhéim air gur gá go mbeadh ioncam bunúsach dóthanach chun daoine a éascú chun páirt a ghlacadh sa tsochaí. Tugadh chun solais gur ghá an leibhéal ioncaim sin a shainiú go soiléir – cé chomh bunúsach atá sé? Tá seo fite fuaite i soláthar seirbhísí sa tsochaí; baineann an t-ioncam le costas rudaí. Mar shampla, dá nglacfadh gach fostaí sa tseirbhís phoiblí le ciorrú pá, b’fhéidir go mb’fhearr dóibh dá n-úsáidfí an t-airgead sin chun feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí ina ionad sin. Má dhéanfar feabhsúcháin ar sheirbhísí poiblí, beidh costas orthu.

Maidir le pointe gaolmhar, tugadh faoi deara gur  tábhachtach a chinntiú go dtagann íocaíochtaí leasa aníos ar aon dul le tuarastail. Roimhe seo, chonacthas dúinn gur eascair cás as ciorrú ar cháin ioncaim inar tháinig méadú ar ráta ní ba thapúla ar ioncam daoine a bhí ag oibriú ná mar a tháinig ar ioncam daoine a raibh leas sóisialach á fháil acu. Tá an baol ann do dtarlóidh sin arís.

Tá go leor costais mhaireachtála laethúla costasach – cúram leanaí, cuir i gcás, anuas ar chúram a thabhairt do dhaoine fásta, costais fuinnimh, tithíocht agus oideachas. Féadfaidh costais níos airde eascairt as bheith faoi mhíchumas, agus féadfaidh sé cúrsaí a dhéanamh níos deacra chun ioncam a fháil. I gcomhthéacs na gcostas siúd, rinne daoine plé ar an áit a raibh iallach á chur orthu chun ciorrú a dhéanamh. Tugadh faoi deara gurb é bia an ‘limistéar is indiúscartha’ d’earraí i mbuiséad teaghlaigh agus is príomhlimistéar é inar féidir ciorrú a dhéanamh, mar dhea. Tarlaíonn go ndéanann tuismitheoirí faillí ar a sláinte féin d’fhonn costais a laghdú. Ar earraí eile a chiorraítear go minic tá coigilteas agus costais phearsanta tuismitheoirí. Thug rannpháirtí amháin chun suntais, a n-oibríonn a eagraíocht le daoine a d’éirigh dócmhainneach, gurb é saol

sóisialta an chéad ghné dá saol a chaithfeadh a chuid cliant in aer. Ach tá sé tábhachtach go fóill go bhfuil ar chumas daoine páirt a ghlacadh sa tsochaí.

### Tábhacht na Luath-Idirghabhála

Ioncam atá dóthanach lena chur ar chumas daoine chun páirt a ghlacadh in oideachas agus oiliúint agus a chur ar a gcumas a n-ioncam a thógáil iad féin amach anseo. Mura bhfuil na scileanna ag duine aonair chun páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair, ní bheidh siad in ann tacú leo féin níos déanaí. Má tá ioncam íosta ag daoine a chuireann bac orthu páirt a ghlacadh in oideachas agus/nó oideachas, cuirfear bac orthu a n-ioncam féin a bheith á fháil acu amach anseo.

Leag rannpháirtithe an bhéim ar an luach a bhaineann le hinfheistiú i luathbhlianta – cosc agus luath-idirghabháil. Is gá an bhéim a aistriú i dtreo coisc agus amach ó chúiteamh. Theastódh infheistíocht fhadtéarmach a dhéanamh don chur chuige sin. Don chur chuige sin, d'fhéadfadh go nglacfadh sé 20 bliain sula dtabharfaí torthaí faoi deara; ar an drochuair, ní ghnách go mbaineann tréimhse chomh fadálach sin le forbairt beartais in Éirinn. Ach, ar fud an speictrim, comhaontaíonn eacnamaithe go mbaintear tairbhí móra as infheistíocht a dhéanamh i leanaí.

### Tábhacht na Rannpháirtíochta sa Mhargadh Saothair

Tugadh le fios, má sholáthraítear ioncam leordhóthanach do ghrúpaí áirithe (tuismitheoirí singil agus daoine faoi mhíchumas) amach ón lucht saothair, féadtar an riosca fadtéarmach a mhéadú go mbeidh siad thíos leis an mbochtaineacht. Más féidir do dhaoine a bheith sa lucht saothair, ar bhealach ar bith, is ansin is fearr dóibh a bheith, mar gheall gurb é sin an rud is mó a dhéanann iad a chosaint in aghaidh na bochtaineachta.

Tugadh faoi deara, cé go bhfuil in Éirinn ceann de na córais chánachais is fabhraí chun filleadh ar obair, tá costais le híoc ag daoine áirithe agus tarlaíonn nach fiú an tairbhe an trioblóid chun filleadh ar obair i gcás daoine áirithe, ó pheirspictíocht airgeadais. Mar shampla, féadfaidh caillteanas sochar tánaisteach, ar nós cárta leighis agus áiseanna agus fearas a bheith mar thoradh ar fhilleadh ar obair.

I gcás daoine faoi mhíchumas, féadfaidh dul chun cinn gairme dúshlán ar leith dúshlán a chruthú, i dtaobh tréimhse saoil agus ioncaim araon. Ar a bharr sin, ní bhíonn teacht i gcónaí ar chreidmheas agus iasachtaí ag daoine faoi mhíchumas. In Éirinn, tá leibhéil de rannpháirtíocht i measc ban sách íseal, chomh maith, fiú i gcomparáid le Tuaisceart Éireann. Baineann seo le cúram leanaí, a fhad le haois 14 bliana. I roinnt cásanna, féadfaidh sé a bheith dodhéanta go bhfillfidh mná ar oideachas nó oiliúint, mar gheall ar easpa cúram leanaí inacmhainne, go háirithe anuas ar thithíocht ardchostais. Is suntasach don leibhéal ioncaim a theastaíonn chun íoc as na costais siúd.

I dtaobh cabhrú le daoine teacht ar fhostaíocht, tugadh faoi deara gur cheart go mbeadh ní ba mhó i gceist le tacaíocht ná díreach duine a shuíomh i bhfostaíocht, ach chun tacú leo, chomh maith, chun an post sin a choimeád agus ina ndul chun cinn gairme.

### Teastaíonn Níos Mó Sonraí

Tá bearna sna sonraí – teastaíonn taighde níos fadaimseartha uainn ar ghluaiseachtaí isteach in agus amach ón mbochtaineacht.Cuirfidh sonraí níos fearr eolas ar fáil dár gceapadh beartais. Ach go háirithe, teastaíonn breis faisnéise uainn ar bheith thíos leis an mbochtaineacht – cé mhéid daoine in Éirinn atá sáinnithe faoi bhun na líne bochtaineachta? Ábhar fíor-bhuartha is ea dífhostaíocht fhadtéarmach – sin an áit a bhfuil na

himpleachtaí. Tá foghrúpaí leochaileacha ann i measc daonraí níos mó, nach bhfuil mór de chur amach againn orthu. Tá staidéir reatha fhadaimseartha, ar nós TILDA, áisiúil ach ar an drochuair, is minic go bhfágann siad roinnt grúpaí leochaileacha ar lár (ar nós an Lucht Siúil agus imirceach). Bhí rannpháirtithe buartha, chomh maith, faoi fhoghrúpaí níos leochailí den daonra, ina measc: tuismitheoirí aonair; daoine faoi mhíchumas; leanaí faoin mbochtaineacht chomhsheasmhach; agus leanaí a chónaíonn i gcóiríocht soláthair dhírigh (buarthaí ina measc faoi rochtain ar shaoráidí, ar nós saoráidí cócaireachta). Tugadh buairt chun solais, chomh maith, faoi na rátaí leasa shóisialaigh do dhaoine óga. Luadh sampla maith: staidéar a bhí bunaithe sa Ríocht Aontaithe ar an mbochtaineacht sheasmhach a bhain eolas ó Staidéar ar Chohórt Mílaoise na Ríochta Aontaithe. Teastaíonn sonraí comhiomlánaithe mar gheall go mbíonn daoine thíos leis an mbochtaineacht ar leibhéil éagsúla.

### Páirt á Glacadh ag Daoine a Mhaireann faoin mBochtaineacht sa Phróiseas Ceaptha Beartais

Tá gá ann le fíor-shaineolas – is é sin, léargas daoine a mhaireann faoin mbochtaineacht – a thabhairt isteach sa phróiseas beartais agus cinnteoireachta faoi mar a bhaineann sé leis an mbochtaineacht a laghdú. Caithfidh seo titim amach ar bhonn leanúnach, seachas, mar shampla, mar imeacht aonuaireacomhairliúcháin.

### An Gá go bhFiosróidh an Spás Poiblí ‘Ioncam Leordhóthanach’

Ábhar casta is ea ábhar ioncaim leordhóthanaigh. Níl aon ‘spás poiblí’ ann inar féidir le páirtithe leasmhara ábhartha teacht le chéile agus an tsaincheist a phlé agus a fhiosrú. Ba é an uair dheireanach a d’athbhreithníomar íocaíochtaí leasa shóisialaigh go foirmiúil in Éirinn trí Choimisiún um Leas Sóisialach 1983–1986. Teastaíonn spás uainn inar

féidir linn breithniú mionsonraithe a dhéanamh air. Beartaíodh gur cheart fóram um chuimsiú sóisialta, ag a bhfuil struchtúr atá cosúil le Comhairle an Mhargaidh Shaothair, agus atá comhdhéanta d'ionadaithe fostóirí, ceardchumann, Eagraíochtaí Neamhrialtais agus ranna rialtais. Ba cheart go gcuimseofar sa phróiseas sin saineolas daoine a mhaireann faoin mbochtaineacht, should chomh. Níl an comhrá sin á chur ar bun againn, mar shochaí.

Tá gá ann chun toil pholaitiúil a chruthú chun an bhochtaineacht a dhíothú in Éirinn. Teastaíonn uaidh seo saghas ar leith de thuiscint agus toil pholaitiúil a chruthú. Caithfimid comhrá poiblí a chur ar siúl ar an tsaincheist óna n-eascraíonn athruithe marthanacha bríocha ar bheartas. Tá gá ann, chomh maith, le feasacht agus tuiscint phoiblí níos mó a chruthú maidir le saincheistioncaim leordhóthanaigh.

## 4.5 Achoimre ar Cheardlanna

## Leasú na Spriocanna Sóisialta Náisiúnta um Laghdú na Bochtaineachta

### An Chothromaíocht Cheart a Bhaint Amach

Shainaithin rannpháirtithe ag an gceardlann seo riachtanas, sna spriocanna nua, chun cothromaíocht a bhaint amach idir bheith uaillmhianach a dhóthain agus bheith réalaíoch i gcónaí. Caithfidh na spriocanna nua a bheith solúbtha agus inbhuanaithe; caithfidh siad a bheith réalaíoch gan cur le réchúis.

### Spriocdhíriú ar Gach Duine atá i mBaol

Go dtí seo, spriocdhíríodh ar ghrúpaí ar leith, ar nós daoine breacaosta agus pobail mhionlaigh eitnigh. Tugadh faoi deara go mbíonn an baol ann go dtugann an cur chuige seo neamhaird ar dhaoine aonair nó

foghrúpaí lasmuigh de na grúpaí seo a d'fhéadfadh bheith i mbaol bochtaineachta, chomh maith.

## A chinntiú go n-áirítear leis an Taighde ar an mBochtaineacht iad siúd go léir ata i mBaol Bochtaineachta

Sainaithníodh fadhbanna i dtaca leis an gcur chuige reatha i leith bailiú sonraí sa taighde ar an mbochtaineacht. Go sonrach, braitheadh gurb ann do bhearnaí sna sonraí, i ndáil le grúpaí áirithe atá níos deacra le haimsiú. Rinneadh roinnt moltaí ina leith seo, úsáid níos fearr a bhaint as foinsí reatha sonraí, úsáid níos mó a bhaint as modhanna cáilíochtúla, agus úsáid a bhaint as níos mó modhanna nuálacha chun grúpaí 'atá deacair a aimsiú' ina measc.

## Táscairí Tacaíochta

Tacaíodh le coincheap na dtáscairí comhthéacsúla a choimeád agus a úsáid mar tháscairí tacaíochta, ar nós iad siúd a bhain le bochtaineacht bhreosla agus bochtaineacht bhia.  Braitheadh gur cheart go n-áireofaí le táscairí, i dtaobh dul chun cinn a phróifíliú chun na bhochtaineacht a laghdú, costais a bhféadfadh coinne a bheith leo (ar nós costais scoile áirithe). Sainaithníodh an leibhéal ciníochais mar tháscaire eile a d'fhéadfadh bheith áisiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar chuimsiú sóisialta in Éirinn.

## Luach Comh-Chur Chuige

Tugadh faoi deara gurb ann do go leor grúpaí atá leochaileach don bhochtaineacht in Éirinn, ach gur tábhachtach gan caitheamh leo mar ghrúpaí ar leith nuair a dhéantar éileamh iomaíoch ar na hacmhainní céanna; ina ionad sin, ba cheart do pháirtithe leasmhara cur chuige comhcheangailte a ghlacadh a dhíríonn ar réitigh choiteanna a

shainaithint a bhainfidh feabhsúcháin amach ina measc siúd go léir atá leochaileach don bhochtaineacht.

## Margaí Saothair Cuimsitheacha

### Dul i gcomhairle le hÚsáideoirí Seirbhíse

Leagadh an bhéim ar an tábhacht a bhaineann le próiseas comhairliúcháin a leanúint le húsáideoirí seirbhíse, anuas ar chur chuige atá dírithe ar dhaoine, chun cinneadh a dhéanamh faoi cheisteanna ar nós leibhéal na tacaíochta inoibre a theastaíonn ó dhaoine, agus conas ba cheart é a sholáthar.

### Oibriú Idirghníomhaireachta

Rinne rannpháirtithe trácht ar luach an chomhordaithe ionrannaigh agus idir-rannaigh laistigh de ranna, le gníomhaireachtaí agus i measc ranna. Chruthódh an cur chuige seo eispéireas ní b’fhearr d’úsáideoirí seirbhíse.

### Deireadh a chur le Príobháidiú Seirbhísí Coimirce Sóisialaí

Chomhaontaigh rannpháirtithe sa cheardlann seo gur cheart deireadh a chur le coimisiúnú agus príobháidiú seirbhísí coimirce sóisialaí, ar nós JobPath.

### Dualgas nahEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm

Ba cheart go mbeadh leibhéil uachtaracha an rialtais tiomanta do Dhualgas na hEarnála Poiblí (Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014).

### Poiblí i dtaobh na Roinne Coimirce Sóisialaí

Bhrath rannpháirtithe gur bhain an feachtas a cuireadh ar bun le déanaí maidir le calaois leasa shóisialaigh de thuairim an phobail faoin Roinn.

Tugadh faoi deara gur féidir le himeachtaí ar nós seo difear a dhéanamh d'iontaoibh dhaoine as an Roinn.

## Rochtain ar Sheirbhísí Ardchaighdeáin

### An Tábhacht a bhaineann le Beartais Reatha a Chur i bhFeidhm

Tugadh faoi deara g0 n-éiríonn go geal le hÉirinn le beartas sóisialta a fhorbairt ach nach n-éiríonn chomh geal céanna léi chun an beartas sin a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh go n-éireodh pobail áitiúla lagmhisniúil mar gheall ar an easpa dul chun cinn agus, go n-éireoidís domheanmnach ar deireadh mar thoradh air seo.

### Idirchaidreamh a dhéanamh ar Leibhéal Áitiúil

Rinneadh an argóint gur cheart go mbeadh ról ní ba mhó ag tuairim áitiúil nuair a dhéantar cinneadh faoi conas a chuirtear cláir i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil, agus go mbíonn na cláir siúd inoiriúnaithe ar leibhéal áitiúil.

### An Gá atá le Promhadh i dtaobh Bochtaineachta a dhéanamh ag gach Céim

Caithfidh promhadh bochtaineachta agus ceart a bheith i bhfeidhm ag gach céim d'fhorbairt beartais – dearadh, cur i bhfeidhm, torthaí, agus meastóireacht. Ba cheart an oibleagáid seo a shíneadh chuig aon chuideachta bhrabúis atá bainteach.

### Luach nahEarnála Poiblí a Aithint

Caithfear luach earnáil an phobail, go háirithe an ról a ghlacann sé i dtaobh tacú le pobail glór a bheith acu, a aithint.

## Ioncam Íosta Leordhóthanach

### Idirchaidreamh a dhéanamh le Daoine a Mhaireann faoin mBochtaineachtsa Phróiseas Ceaptha Beartais

Teastaíonn níos mó saineolais a thabhairt isteach sa phróiseas cinnteoireachta: is é sin, daoine a mhaireann faoin mbochtaineacht agus ba cheart go mbeadh baint ag eisiamh sóisialta ar bhonn leanúnach.

### An Gá atá le Breis Sonraí

Teastaíonn staidéir fhadaimsearthachun feabhas a chur ar ár dtuiscint ar an mbochtaineacht sheasmhach.

### Ioncam Leordhóthanach a Shainaithint

Caithfidh ioncam atá leordhóthanach chun páirt a ghlacadh sa tsochaí na bunriachtanais a shárú le haghaidh marthanais. Caithfidh sé a chur ar chumas an duine aonair, chomh maith, chun an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn a fháil chun a n-ioncam féin a bhaint amach – freastal ar oideachas tríú leibhéal nó breisoideachas, agus taithí oibre a fháil.

### Luach Comhspáis le haghaidh Plé

Rinne rannpháirtithe argóint ar son an ghá atá le ‘spás sibhialta’ inar féidir le páirtithe leasmhara ábhartha (an rialtas, ceardchumainn, an earnáil pobail agus an earnáil dheonach, etc.) teacht le chéile agus saincheist chasta leordhóthanacht an ioncaim a fhiosrú.


17 October
World Day for Overcoming
Extreme Poverty
421
POVERTY
OCT 17
#EndPoverty
YOUNG PEOPLE
i-Smile

# MÍR 5

## Machnamh agus focal scoir

# MÍR 5

## 5.1 Machnamh faoin NAPinclusion

Sholáthair an t-ionchur sa seisiún seo peirspictíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar straitéisí náisiúnta agus idirnáisiúnta in aghaidh na bochtaineachta a fhorbairt. Leag an chéad láithreoir, Joanne Mulholland, amach an cúlra atá le agus napríomhstruchtúir a bhaineann leis *an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú 2007-2017.* Thug sí cuntas ar na chéad chéimeanna eile a bheartaítear chun an straitéis nua a fhorbairt agus chuir sí ceisteanna faoin gcreat don Phlean nua. Rinne an dara láithreoir, Hugh Frazer, breithniú ar conas a d'fhéadfadh peirspictíocht AE eolas a sholáthar don Phlean nua a fhorbairt. Shainaithin sé limistéir a bhféadfadh Éire díriú orthu chun tagarmharcanna a bhaint amach agus shainaithin sé cur chuige dea-chleachtais ón AE.

## An Dul Chun Cinn go dtí seo

Joanne Mulholland**,** an Roinn Coimirce Sóisialaí

Thug Joanne chun suntais go bhfuil traidisiún fada in Éirinn ina ndéantar straitéisí náisiúnta in aghaidh na bochtaineachta a fhorbairt chun creat straitéiseach a sholáthar inar féidir an bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chomhrac, a ghabhann siar a fhad le Sharing in Progress in 1997. Is é cuspóir an tseisiúin seo chun machnamh a dhéanamh ar an traidisiún seo ag féachaint le heolas a sholáthar do phleananna gníomhaíochta amach anseo.

Thug Joanne cuntas ar chuid de phríomhghnéithe na straitéise reatha, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú 2007-2017, a tugadh isteach i rith tréimhse mharthanach bhorrtha gheilleagraigh agus ina raibh rátaí ísle dífhostaíochta agus bochtaineachta. Rinne an Plean:

- cur chuige saolré a ghlacadh inar leagadh spriocanna amach do gach grúpa: leanaí; daoine in aois oibre; daoine breacaosta agus pobail;
- réimse fairsing gníomhartha agus idirghabháil spriocdhírithe a shainaithint a bhaineann leis na grúpaí seo chun tacú leis an gcuspóir foriomlán chun an sprioc náisiúnta bhochtaineachta a bhaint amach.
- tréimhse 10 mbliana ó 2007 go 2017 a chumhdach – tréimhse inar thit athrú suntasach amach nuair a chuaigh an timthriall geilleagrach faoi bhorradh, géarchéim, agus téarnamh, faoi mar atá i gceist faoi láthair.
- cuntas a thabhairt ar réimse struchtúir mhonatóireachta, institiúide agus rialachais, ina measc:
    - tuarascálacha ar chuimsiú sóisialta, ina dtugtar cuntas ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm na spriocanna ardleibhéil agus na ngníomhartha gaolmhara;
    - meicníochtaí idirchaidrimh le páirtithe leasmhara, ar nós an Fhóraim um Chuimsiú Sóisialta (an FCS) agus tuarascáil an FCS;
    - monatóirí ar chuimsiú sóisialta, a dhéanann tuairisciú ar dhul chun cinn i dtreo na Spriocanna Sóisialta Náisiúnta um Laghdú na Bochtaineachta;
    - measúnuithe ar an mbochtaineacht/tionchair shóisialta, ina measc anailís ar na príomhbheartaisbhuiséadacha cánach dírí trí úsáid a bhaint as samhail chánach/leasa an ITES, SWITCH;
    - Grúpa Comhairleach Teicniúil, a sholáthraíonn tacaíocht agus comhairle ar shonraí, tomhas, taighde agus monatóireacht na bochtaineachta; agus

- rannpháirtíocht an phobail agus struchtúir institiúide, ar nós tacaíochtaí/struchtúr um chuimsiú sóisialta ar leibhéal áitiúil agus Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach agus Choiste Comh-Aireachta B (Beartas Sóisialta agus Seirbhísí Poiblí).

Luaigh Joanne gur nuashonraíodh an Plean don tréimhse 2015–2017 chun dúshláin nua a léiriú, a bhí an-difriúil ón tréimhse a cuireadh an Plean i dtoll a chéile in 2007, agus chun freagairtí reatha beartais a léiriú ar an mbochtaineacht. Cuimsítear sa Phlean Nuashonraithe 14 sprioc athfhoirmlithe, lena n-áirítear díriú níos mó ar fhorbairt luathóige, eisiamh óige, rochtain ar an margadh saothair, bearta ina measc do dhaoine faoi mhíchumas, imeascadh imirceach, tithíocht shóisialta agus fuinneamh inacmhainne.

Ansin thug Joanne cuntas ar roinnt de na chéad chéimeanna eile a bheartaíonn an Roinn aghaidh a thabhairt orthu maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta. Príomhthasc i mbliana is ea tuarascáil dhébhliantúil um chuimsiú sóisialta a ullmhú, monatóireacht a dhéanamh ar na gealltanais sa Plean i rith 2015-2016. Is ionann plé agus ceardlanna réigiúnacha an Fhóraim agus an chéad chéim chomhairliúcháin ar an bPlean nua. Tá níos mó ceardlanna réigiúnacha á n-eagrú ag comhpháirtithe imeachta, an EAPN agus CWI, chun dearcthaí daoine faoin bPlean a fháil. Ina theannta sin, tá páipéar comhairliúcháin agus suirbhé á ullmhú ag an Roinn a eiseofar do pháirtithe leasmhara níos déanaí sa bhliain. Mar gheall go gcuirfear an Plean i gcrích i mbliana, déanfar athbhreithniú air chun eolas a sholáthar d’fhorbairt na straitéise nua. Cuirfidh forbairtí idirnáisiúnta trí an gCoimisiún Eorpach agus comhlachtaí eile eolas ar fáil don Phlean, chomh maith.

Rinne Joanne tagairt do na ceangail láidre idir obair chun an bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chomhrac ar leibhéil náisiúnta agus AE/idirnáisiúnta. Luaigh gur ghlac an Chomhairle Eorpach le sprioc um laghdú bochtaineachta mar chuid dá *Straitéis an Eoraip 2020* i Meitheamh 2010. De bhun seo, ceanglaíodh ar Bhallstáit spriocanna náisiúnta bochtaineachta a leagan amach chun cur le sprioc fhoriomlán bhochtaineachta an Eoraip 2020. Leagtar amach rannchuidiúna hÉireann leis an sprioc sa Chlár Athchóirithe Náisiúnta agus pléadh é ag an gceardlann ní ba luaithe inniu. Forbairt ábhartha eile is ea gur glacadh le 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe in 2015. Ina theannta sin, cuireann Éire le tionscnaimh AE, chomh maith, chun an bhochtaineacht a chomhrac agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus ionchur isteach i ngníomhaíochtaí éagsúla,

- an Coiste Coimirce Sóisialaí ina measc, a dhéanann tuairisciú ar chás sóisialta na hEorpa agus a chothaíonn comhordú beartais; agus
- An Coinbhinsiún Bliantúil um Borradh Cuimsitheach, a thugann réimse páirtithe leasmhara le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar an méid is féidir leis an AE a dhéanamh lena chinntiú go mbaineann a shaoránaigh go léir na tairbhí a bhaineann le borradh atá fíor-chuimsitheach.

Lorg Joanne dearcthaí rannpháirtithe maidir leis an struchtúr don Phlean nua agus don fhéidearthacht go bhforbrófaí é timpeall ar chur chuige cuimsithe ghníomhaigh. Ciallaíonn cuimsiú gníomhach a chur ar chumas gach duine, iad siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste go mór mór, chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, post a bheith acu ina measc sin. Tá trí phríomhghnéann, faoina ndéanfaí na spriocanna agus na gníomhartha ábhartha uile a chatagóiriú: (i) ioncam íosta leordhóthanach; (ii) margaí saothair cuimsitheacha; agus (iii) rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin.

D'iarr Joanne, chomh maith, ar dhaoine chun breithniú a dhéanamh ar an amfhráma is oiriúnaí don Phlean nua. Tá breithniú a dhéanamh ar amfhráma ceithre bliana (2018-2020). Tá seo ar aon dul leis an Straitéis An Eoraip 2020, an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta agus an fháil a bhfuil súil leis go mbeidh ar fhigiúirí bochtaineachta ó Shuirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála an POS. Chumasódh seo aon straitéis amach anseo a bheith curtha ar an eolas ag dul chun cinn i dtreo na spriocanna náisiúnta bochtaineachta ag an tráth sin.

D'iarr Joanne ar rannpháirtithe chun breithniú a dhéanamh ar na struchtúir rialachais ba mhaith leo a fheiceáil. Tá súil leis go mbainfeadh a mhacasamhail de struchtúir rialachais leis an bPlean nua, agus tá forbairt plean mhionsonraithe um chur i bhfeidhm á chomhordú sa Roinn a dhéanann monatóireacht agus meastóireacht ar dhul chun cinn ar na spriocanna ardleibhéil, gníomhartha agus spriocanna sóisialta náisiúnta. Dhéanfaí seo i gcomhar le struchtúir agus tacaíocht an Ghrúpa Oifigeach Sinsearach um Beartas Sóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí. Leanfadh tuarascálacha tréimhsiúla ar dhul chun cinn an phlean um chur i bhfeidhm a chur faoi bhráid Choiste Comh-Aireachta B. Idirchaidreamh le Páirtithe Leasmhara a bheith mar ghné thábhachtach den Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta.  Tá bonn láidir aige sa Roinn, faoi mar a léirítear sa chuspóir straitéiseach ina ndéantar an cliant a shuíomh ag ceartlár seirbhísí agus beartas. Leag Joanne an bhéim ar a thábhachtaí atá sé chun éisteacht le dearcthaí rannpháirtithe faoi na struchtúir rialachais seo.

## Peirspictíocht an AE maidir le chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ionchuimsiú eile na hÉireann a fhorbairt

Hugh Frazer, an Líonra Eorpach Beartas Sóisialta agus Ollscoil Mhá Nuad

Thug Hugh chun suntais gur féidir le peirspictíocht AE a bheith cabhrach ar roinnt bealaí. Féadfaidh sé cabhrú chun limistéir a shainaithint óna dteastaíonn iarracht níos mó nó leanúnach, trí bhéim a leagan ar roinnt de na limistéir ina bhfuil Éire ag tearcfheidhmiú i gcomhréir le caighdeáin AE. Féadfaidh sé sinn a dhéanamh níos uaillmhianaí, chomh maith; trí Éire, mar thír shaibhir AE (ba é Olltáirgeacht Intíre na hÉireann an dara ceann ba mhó in aghaidh an duine in AE28), a chur i gcomparáid le ní hamháin na meánfhigiúirí AE ach leis na tíortha AE is fearr a bhí ag feidhmiú. Ar deireadh, féadfaidh sé cabhrú linn chun teacht ar réitigh níos fearr.

Tá roinnt limistéar ann ina dtugann sonraí inchomparáide Eorpacha le fios nach bhfuil Éire ag feidhmiú chomh tréan sin. Soláthraítear sa tábla lastall figiúirí do mheán an AE, Éire agus na stáit is fearr a bhfuil ag éirí leo san AE. Léirítear ann go leor limistéar nach bhfuil meán an AE á bhaint amach ag Éirinn iontu, agus léirítear ann go bhfuil Éire go mór faoi bhun na dtíortha is fearr a bhfuil ag éirí leo, amanna. Mar shampla, tá 26% de dhaonra na hÉireann i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta, i gcomparáid le meánfhigiúr 23.7% don AE agus ráta idir 14% agus 18% i measc na dtíortha is fearr a bhfuil ag éirí leo. I dtaobh riosca i leith bochtaineacht leanaí, tagann ardú ar fhigiúr na hÉireann aníos go dtí 34.4%, i gcomparáid le 27.8% agus 14%–18% faoi seach. I measc na ngrúpaí eile in Éirinn a bhfuil baol níos airde ná meánbhaol rompu i leith na bochtaineachta (i gcomhthéacs an AE), tá: daoine singil le leanaí; iad siúd nach bhfuil i bhfostaíocht; daoine faoi mhíchumas éigin nó trom; agus daoine aois 60 bliain agus os a chionn a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil ‘dlús an-íseal oibre’. Ta ár ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas i bhfad níos ísle ná meánráta an AE, chomh maith, arb ionann é agus  26.5%, i gcomparáid le 43.5%. Tugtar chun solais sa tábla, chomh maith, nach ionann ár gcaiteachas ar choimirce shóisialach,

mar chéatadán den OTÍ, agus ach 20.6%, i gcomparáid le meánchaiteachas an AE 28.7% agus 30%–34% i measc na dtíortha is fearr a bhfuil ag éirí leo.



**Tábla 6: Roinnt limistéar ina bhfuiltear ag tearcfheidhmiú (Éire vs rátaí AE)**

| Táscaire | | AE<br>% | Éire<br>% | Na Ballstáit is fearr a bhfuil ag éirí leo<br>% |
|---|---|---|---|---|
| **I mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (AROPE)** | Gach ceann | 23.7 | 26.0 | 14–19 (9 BS) |
| | Leanaí | 27.8 | 34.4 | 14–18 (7 BS) |
| | Duine singil le leanaí | 47.9 | 61.7 | 35–39 (5 BS) |
| | 18+ gan bheith i bhfostaíocht | 34.2 | 43.4 | 21–28 (6 BS) |
| | Daoine faoi mhíchumas áirithe nó trom | 30.2 | 40.3 | 21–25 (9 BS) |
| **Daoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan phoist** | 18–59 | 10.1 | 11.6 | 5–7 (5 BS) |
| | 0–17 | 10.5 | 13.4 | 4–7 (7 BS) |
| **Daonra ina bhfuil níos lú ná 60 duine ag cónaí i dteaghlaigh ina bhfuil dlús an-íseal oibre** | | 10.6 | 19.2 | 6–7 (7 BS) |
| **Ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas** | | 43.5 | 26.5 | |
| **Caiteachas ar Choimirce Shóisialach mar % den OTÍ** | | 28.7 | 20.6 | 30%–34% (9 BS) |
| **Ioncam iomlán ginearálta rialtais mar % den OTÍ** | | 44.9 | 27.5 | |

Tá roinnt limistéir eile ann, chomh maith, nach bhfuil Éire ag feidhmiú chomh tréan sin iontu de réir caighdeáin Eorpacha. Ábhar tromchúiseach buartha is ea easpa dídine, agus tá na rátaí ag dul i méid go mear, faoi mar a léirítear i sonraí FEANTSA, agus is amhlaidh atá saincheist an eisiaimh thithíochta, chomh maith. I gcomparáid leis na tíortha is fearr a bhfuil ag éirí leo, tá níl dóthain de theacht againn ar sheirbhísí ardchaighdeáin poiblí, go háirithe seirbhísí

sláinte agus cúram leanaí agus seirbhísí um chosaint leanaí. Níl ach infheistíocht íseal déanta againn go dtí seo i gcúram pobail don daonra atá ag dul in aois.

## Roinnt Tosaíochtaí ó Pheirspictíocht AE

Leagtar an bhéim sa pheirspictíocht AE seo ar roinnt tosaíochtaí. Ar an gcéad dul síos, tá ar Éirinn beartais a choimeád agus a threisiú chun leanaí agus tuismitheoirí aonair a chuimsiú. Agus amhlaidh á dhéanamh, tá ar Éirinn cur chuige trí ghné a thógáil a bheartaítear i Moladh 2013 an AE maidir le hInfheistiú i Leanaí - an córas míbhuntáiste a bhriseadh: ioncam, seirbhísí agus rannpháirtíocht. Beidh forbairt bhreise a dhéanamh ar straitéis chuimsitheach agus chomhtháite ag teastáil uaidh seo. Ba cheart go mbeadh cuspóirí agus cláir oibre shoiléire ag an straitéis sin do gach príomhlimistéar beartais agus do gach grúpa leanaí a bhfuil baol ard i leith bochtaineachta agus eisiamh sóisialta rompu.

Seo a leanas príomhlimistéir óna dteastaíonn gníomh:

- leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i gcúram agus oideachas na luath-óige
- an fháil atá ar chúram leanaí inacmhainne a bhreismhéadú;
- barr feabhais a chur ar bhearta chun tacú le fostaíocht mhéadaithe tuismitheora; agus
- leanúint le feabhsúcháin a dhéanamh ar thaca ioncaim leanaí.

Ar an dara dul síos, tá ar Éirinn a beartais a mhéadú a thacaíonn le agus/nó a chumasaíonn fostaíocht ar chaighdeán maith. Go sonrach, teastaíonn clár suntasach infheistíochta poiblí chun níos mó post a chruthú, agus chun a cur chuige comhtháite agus cumasaithe ‘cuimsithe ghníomhaigh’ a chothú agus a dhoimhniú (i.e. beartais chuimsitheacha mhargadh saothair a chomhcheangal le beartais a chinntíonn rochtain ar ioncam leordhóthanach agus ar sheirbhísí ardchaighdeáin).

Mar chuid den chur chuige seo, tá ar Éirinn forbairt bhreise a dhéanamh ar bheartais chun cabhrú le haistrithe ó leas go hobair; chun díriú ar fhostaíocht daoine faoi mhíchumas a choimeád; agus an díriú ar uasoiliúint a mhéadú mar gheall go bhfuil in Éirinn ceann den éagothroime is airde idir rátaí fostaíochta oibrithe ar scileanna ísle, meánacha agus arda. Beidh sé tábhachtach, chomh maith, feabhas a chur ar dhíriú ar theaghlaigh gan phoist agus ísealdlús oibre, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, tuismitheoirí aonair, an Lucht Siúil agus daoine ó chúlra imircigh/mionlaigh eitnigh. Chomh maith leis sin, caithfear iarrachtaí breise a threisiú chun cosc a chur ar dhífhostaíocht óige.

Ar an tríú dul síos, tá ar Éirinn níos mó a infheistiú in eisiamh tithíochta agus easpa dídine a chomhrac. Tá gá ann le hinfheistíocht a mhéadú go suntasach i dtithíocht shóisialta. Ba cheart feabhas a chur ar thacaíocht do theaghlaigh an Lucht Siúil, chomh maith.

Ar an gceathrú dul síos, tá ar Éirinn feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí sláinte. I measc na gcéimeanna ábhartha a bhaineann leis seo, bheadh cúram saor in aisce Dochtúra Ghinearálta (DG) a sholáthar do gach agus árachas sláinte uilíoch.

Ar an gcúigiú dul síos, tá ar Éirinn seirbhísí cúram pobail a threisiú. Go sonrach, tá gá le tacaíocht níos mó do chúramóirí agus lena chur ar chumas daoine cothromaíocht oibre is saoil mhaith a bheith acu. Ba cheart teidlíocht don phacáiste cúram baile a shíneadh agus tá gá ann le níos mó saoráidí cúram faoisimh agus fadchónaithe.

Ní bheifear in ann fíor-dhul chun cinn a dhéanamh sna limistéir go léir seo, áfach, gan bheith tiomanta do chaiteachas na hÉireann a mhéadú go suntasach ar choimirce shóisialach, d’fhonn go mbainimid ráta amach atá níos gaire don ráta a bhaineann na tíortha san AE is fearr a bhfuil ag éirí leo amach. Teastaíonn uaidh seo an fáltas cánach foriomlán a mhéadú agus an bonn cánach a leathnú. Beidh sé tábhachtach, chomh maith, chun ceangal dlúth a dhéanamh le cistí AE a chaitheamh in Éirinn le baint amach thosaíochtaí an NAPSI.

### Socruithe Institiúide a Threisiú

Tá ar shocruithe institiúide a bheith treisithe d’fhonn go gcuirfidh Éire feabhas ar a feidhmíocht chunan bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chomhrac. Ní leor plean maith a bheith ann: tá meicníochtaí éifeachtacha náisiúnta agus áitiúil ag Ballstáit rathúla lena chinntiú go soláthraítear a bpleananna agus beartais go héifeachtach. Baineann tábhachtach le roinnt rudaí ina leith seo.  Ar an gcéad dul síos, teastaíonn ceannaireacht thréan pholaitiúil le cur chuige uile-rialtais a chinntiú. Féadfaidh na rudaí seo a leanas lámh chúnta a thabhairt: má ghlacann an Taoiseach le ceannaireacht, tús áite soiléir a thabhairt i gClár an Rialtais agus coiste comh-aireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm. Ar an dara dul síos, teastaíonn comhordú éifeachtach a dhéanamh ar bheartas trasrannach, ina mbíonn

bainteach ag oifigigh shinsearacha a bhfuil ardleibhéal ceannaireachta acu. Ar an tríú dul síos, caithfidh spriocanna níos sonraí do ghrúpaí ardriosca – e.g., an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair – spriocanna a bhaineann le clár, ar nós iad siúd a bhaineann le cúram leanaí cur le spriocanna foriomlána. Ar an gceathrú dul síos, caithfear promhadh dian bochtaineachta a dhéanamh ar bheartais. Ciallaíonn seo promhadh buiséid a choimeád agus a threisiú, anuas ar promhadh a dhéanamh ar gach togra a chuirtear faoi bhráid an choiste comh-aireachta. Ar an gcúigiú dul síos, caithfidh monatóireacht agus tuairisciú rialta ar thorthaí a bheith infheicthe agus caithfear díospóireacht rialta a dhéanamh orthu sa Dáil. Ar an séú dul síos, caithfear barr feabhais a chur ar chomhordú agus rannpháirtíocht áitiúil. Teastóidh uaidh seo ceangal láidir le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil agus Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí agus infheistíocht mhéadaithe i bhforbairt pobail. Ar an seachtú dul síos, caithfear rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara go léir a chinntiú, iad siúd ina measc atá thíos leis an mbochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Ar an ochtú dul síos, agus ar deireadh, tá gá le clár náisiúnta poiblí um múscailt feasachta a chabhróidh le daoine cur amach níos mó a bheith acu agus plé níos mó a dhéanamh ar an NAPSI agus a chuirfidh le feasacht agus tacaíocht phoiblí dá bharr. Ba cheart go gcuirfeadh an clár sin dúshlán faoi chuid de na scéalta gan bhunús agus an chlaontacht arb ann dóibh i dtaobh na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta agus ba cheart dó cur in aghaidh cultúir ina ndéantar an locht agus an milleán a chur ar ghrúpaí ar leith agus íospartaigh na bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta.

## Conclúidí

Tháinig tionscnaimh mhaithe incriminteacha aníos sa tréimhse 20 bliain anuas den NAPSI, ach is ann go fóill do na saincheisteanna; agus tá na leibhéil bhochtaineachta agus d’eisiamh sóisialta in Éirinn fós ró-ard. Is amhlaidh atá seo mar gheall nár athraíomar a dhóthain an neamhionannas maidir le rochtain ar acmhainní agus seirbhísí.

Caithfidh an NAPSI nua, ar an ábhar sin, cuimsiú sóisialta a aistriú ón bhforimeall go croílár beartas geilleagrach, fostaíochta, comhshaoil agus sóisialta an rialtais. Caithfidh méadú mór ar infheistíocht shóisialta tacú leis seo. Ar deireadh, caithfidh cearta a bheith suite níos mó ag croílár gach gné den NAPSI. Tá cearta á n-aistriú

ag an gColún Eorpach um Chearta Sóisialta agus ag Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe chuig croílár an cheaptha beartais. Seo an chéad chéim riachtanach i dtreo beartais gheilleagracha, fostaíochta, chomhshaoil agus shóisialta a athchothromú agus sochaí níos cuimsithí agus cothroime a thógáil.



.

## 5.2 Cleachtadh Luaschárta

Tugtar achoimre sa mhír seo ar na príomhthorthaí ón gcleachtadh 'machnamh', a cuireadh ar siúl i dtreo dheireadh imeachtaí an fhóraim, inar iarradh ar rannpháirtithe beartais a shainaithint ar thacaigh siad leo (beartais reatha nó a bheartaigh na rannpháirtithe iad féin), agus iad siúd a bhrath siad ar cheart stop a chur leo.

### Beartais ar cheart a Choimeád agus/nó Tús Áite a thabhairt dóibh

#### Tús Áite a thabhairt don Phlean Gníomhaíochta Nua

- An plean gníomhaíochta nua a shuíomh ag croílár bheartas an rialtais;
- Ardspriocanna a leagan amach, maidir le leibhéil AE;
- A chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní á gcur ar fáil don phlean gníomhaíochta nua;
- Leanúint le freagairt ilghnéitheach a ghlacadh i leith an bhochtaineacht a chomhrac;
- An tsamhail chuimsithe ghníomhaigh a chothú, dá fhairsinge an bhrí a bhaintear aisti; agus
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú, trí mhodheolaíocht a fhorbairt chun leibhéil bhochtaineachta fuinnimh a thomhas in Éirinn go cruinn ina measc.

#### A chinntiú 'Nach bhFágtar Aon Duine ar Lár'

- Na grúpaí ata 'i mbaol' a ainmniú;
- Gan caitheamh le daoine laistigh de ghrúpa amháin mar ghrúpa aonchineálach.
- A chinntiú go dtacaíonn cláir chistithe cuimsithe shóisialta le grúpaí a ainmnítear sa phlean gníomhaíochta;
- An ciníochas a ainmniú mar bhacainn i leith cuimsiú;
- Glacadh le cur chuige atá dírithe ar an duine a ghlacadh in idirghabháil beartais a théann i ngleic leis an mbochtaineacht agus eisiamh sóisialta;
- Dreasachtaí a thabhairt isteach agus a fhorbairt chun cabhrú le fostóirí tacú níos mó le teaghlaigh.

#### Monatóireacht agus Cuntasacht

- Comhairle um chuimsiú sóisialta a bhunú atá bunaithe ar Chomhairle Mhargadh an tSaothairchun monatóireacht a dhéanamh ar an bplean um chuimsiú sóisialta.

- A chinntiú go dtugtar faoi phromhadh bochtaineachta agus ceart ar gach beartas ag gach céim den phróiseas ceaptha beartais;
- Tús a chur le cur chuige feachtais um fheasacht phoiblí ar conas a chaitear airgead ar dhul i ngleic leis an mbochtaineacht.

### Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhíse

- Feabhas a chur ar chumarsáid idir foireann an RCS agus daoine a úsáideann an tseirbhís;
- An leibhéal de chomhairliúchán idir an RCS agus grúpaí spriocdhírithe a mhéadú;
- Cuntasacht a leagan ar sholáthraithe seirbhíse i dtaobh caitheamh le cliaint le dínit;
- Meaitseáil níos fearr a chinntiú idir easnamh scileanna agus oiliúint i measc daoine dífhostaithe.
- Leanúint le húsáid a bhaint as cur chuige forbartha pobail chun seirbhísí a sholáthar;

### Bearta agus Cur chuige ar cheart Stop a chur leo

- Shainaithin rannpháirtithe na bearta agus cur chuige seo a leanas a bhrath siad ar cheart stop a chur leo:
- an iomad spriocanna a chur san áireamh i bpleananna gníomhaíochta maidir leis an mbochtaineacht, mar gheall gur féidir leis seo díriú a laghdú;
- seirbhís a sheachfhoinsiú chuig an earnáil bhrabúis;
- úsáid a bhaint as an gcur chuige saolré, nach bhfuil caolchúiseach a dhóthain agus a chruthaíonn deacracht do spriocdhíriú;
- lárú seirbhísí poiblí, óna n-eascraíonn caillteanas eolais áitiúil; agus
- an feachtas ‘caimiléirí leasa’, ar measadh gur chruthaigh sé dioscúrsa an-diúltach.

## 5.3 Focal Scoir

Ghabh Anne Vaughan buíochas leis an Aire agus le gach ceann de na rannpháirtithe dá rannchuidiú luachmhar i rith an lae, agus thug sé chun suntais gur lá fiúntach a bhí ann ina ndearnadh go leor ionchuir. Gabhadh buíochas, chomh maith le foireann go léir na Rannóige um Chuimsiú Sóisialta a d’eagraigh an t-imeacht agus le foireann Staid Aviva as a rannchuidiú. Ghabhadh buíochas ar leith, chomh maith, leis na daoine a d’fhreastail ar na réamhcheardlanna réigiúnacha ullmhúcháin i gcaitheamh na tréimhse a fhad leis an imeacht, iad siúd ina measc a ghlac páirt sa chur i láthair a rinne Obair Phobail Éireann agus an EAPN. Luaigh Anne go gcuirfí tuarascáil iomlán ar phlé agus conclúidí an lae le chéile. Chuirfí an tuarascáil a thabharfaí chun críche faoi bhráid an Oireachtais; d’fhoilseofaí í ar láithreán gréasáin na Roinne; scaipfí í ar na páirtithe go léir ar spéis leo agus chuirfí an tuarascáil ar aird an Choiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta agus Athchóiriú na hEarnála Poiblí.



Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Áras Mhic Dhiarmada, Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1

An Roinn
Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
Department of
Employment Affairs and Social Protection